Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0155(COD)

19.4.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Phairlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac
(COM(2022)0209 – C9-0174/2022 – 2022/0155(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Javier Zarzalejos

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 144

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Phairlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac (COM(2022)0209 – C9-0174/2022 – 2022/0155(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0209),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0174/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Spáinne, Seanad na hÍsiltíre, Tithe an Oireachtais in Éirinn, Seanad na Fraince agus Teach Ionadaithe na Seice, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 1 agus Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann le Conarthaí AE,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Meán Fómhair 2022[1],

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 41 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh sin é;

2. ag formheas a ráitis atá i gceangal leis an rún sin, a fhoilseofar i sraith L d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar aon leis an ngníomh reachtach críochnaitheach;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1]IO C an 21.12.2022, lch. 133.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) I bhfianaise a thábhachtaí atá seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ní féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach ach trína áirithiú, maidir le soláthraithe a chuireann na seirbhísí sin ar fáil san Aontas, go ngníomhaíonn siad go freagrach agus go ndéanann siad bearta réasúnacha chun an riosca go mbainfí mí-úsáid as a gcuid seirbhísí chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí a laghdú, óir is minic gurb iad na soláthraithe sin ***na haon daoine*** atá in ann an mhí-úsáid sin a chosc agus a chomhrac. Ba cheart na bearta a dhéantar a bheith saindírithe, cothromaithe go cúramach agus comhréireach, chun aon iarmhairt dhiúltach mhíchuí do na daoine a úsáideann na seirbhísí chun críoch dlíthiúil a sheachaint, go háirithe chun a gcearta bunúsacha atá cosanta faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú, is é sin, na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt agus a aithnítear mar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais, agus chun aon ualach iomarcach ar sholáthraithe na seirbhísí a sheachaint.	(2) I bhfianaise a thábhachtaí atá seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise, ní féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach ach trína áirithiú, maidir le soláthraithe a chuireann na seirbhísí sin ar fáil san Aontas, go ngníomhaíonn siad go freagrach agus go ndéanann siad bearta réasúnacha chun an riosca go mbainfí mí-úsáid as a gcuid seirbhísí chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí a laghdú, óir is minic a bhíonn na soláthraithe sin i riocht ***uathúil*** chun an mhí-úsáid sin a chosc agus a chomhrac. Ba cheart na bearta a dhéantar a bheith ***éifeachtach,*** saindírithe, cothromaithe go cúramach agus comhréireach, chun aon iarmhairt dhiúltach mhíchuí do na daoine a úsáideann na seirbhísí chun críoch dlíthiúil a sheachaint, go háirithe chun a gcearta bunúsacha atá cosanta faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú, is é sin, na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt agus a aithnítear mar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais, agus chun aon ualach iomarcach ar sholáthraithe na seirbhísí a sheachaint.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí bhíthin	(3) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí bhíthin

ceanglais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise. I bhfianaise chineál trasteorann intreach an idirlín agus an tsoláthair seirbhísí lena mbaineann, tá éifeacht dhiúltach dhíreach ag na dlíthe náisiúnta sin, atá éagsúil óna chéile, ar an margadh inmheánach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, chun deireadh a chur leis na constaicí roimh sholáthar na seirbhísí a eascraíonn as na dlíthe sin agus chun cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ba cheart na riachtanais chomhchuibhithe a bhfuil gá leo a leagan síos ar leibhéal an Aontais.	ceanglais a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise. I bhfianaise chineál trasteorann intreach an idirlín agus an tsoláthair seirbhísí lena mbaineann, ***féadfaidh*** éifeacht dhiúltach dhíreach ag na dlíthe náisiúnta sin, atá éagsúil óna chéile, ar an margadh inmheánach. Chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, chun deireadh a chur leis na constaicí roimh sholáthar na seirbhísí a eascraíonn as na dlíthe sin agus chun cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ba cheart na riachtanais chomhchuibhithe a bhfuil gá leo a leagan síos ar leibhéal an Aontais.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh Rialachán sin ina rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaí trí bhíthin rialacha soiléire, aonfhoirmeacha agus cothromaithe a leagan amach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach atá éifeachtach agus a urramaíonn cearta bunúsacha gach duine lena mbaineann. Ó tharla go mbíonn na seirbhísí lena mbaineann ag athrú go tapa, chomh maith leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun iad a sholáthar, ba cheart na rialacha sin a leagan síos ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus seasmhach ó thaobh na todhchaí de, ***ionas nach gcuirfear isteach ar*** an nuálaíocht.	(4) Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh Rialachán sin ina rannchuidiú le feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaí trí bhíthin rialacha soiléire, aonfhoirmeacha agus cothromaithe a leagan amach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ar bhealach atá éifeachtach***, spriocdhírithe agus comhréireach,*** agus a urramaíonn cearta bunúsacha gach duine lena mbaineann. Ó tharla go mbíonn na seirbhísí lena mbaineann ag athrú go tapa, chomh maith leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun iad a sholáthar, ba cheart na rialacha sin a leagan síos ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus seasmhach ó thaobh na todhchaí de, ionas go ***spreagfaidh siad*** nuálaíocht ***agus forbairt theicneolaíoch chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac***.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach, ba cheart soláthraithe seirbhísí a chumhdach leis a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun críche na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne. Ó tharla go bhfuil ag méadú de réir a chéile ar an mí-úsáid a bhaintear astu chun na críche sin, ba cheart go n-áireofaí leis na seirbhísí sin seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, amhail seirbhísí curtha teachtaireachtaí agus seirbhísí r-phoist gréasán-bhunaithe, a mhéid atá na seirbhísí sin ar fáil go poiblí. Ó tharla go mbaineann an baol céanna mí-úsáide le seirbhísí lena gcumasaítear idirmhalartú faisnéise idirphearsanta agus idirghníomhach nach bhfuil iontu ach mionghné choimhdeach atá nasctha go bunúsach le seirbhís eile, amhail comhrá agus feidhmeanna comhchosúla eile mar chuid de chluichíocht, comhroinnt íomhánna agus óstáil físeán, ba cheart go gcumhdófaí na seirbhísí sin leis an Rialachán sin freisin. I bhfianaise na ndifríochtaí bunúsacha idir seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a chumhdaítear leis an Rialachán sin agus na rioscaí éagsúla gaolmhara go n-úsáidfí na seirbhísí sin chun críche na mí-úsáide gnéasaí leanaí, agus cumas éagsúil na soláthraithe lena mbaineann chun an mhí-úsáid sin a chosc agus a chomhrac, áfach, ba cheart na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar sholáthraithe na seirbhísí sin a idirdhealú ar bhealach iomchuí.	(5) Chun cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach, ba cheart soláthraithe seirbhísí a chumhdach leis a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun críche na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne. Ó tharla go bhfuil ag méadú de réir a chéile ar an mí-úsáid a bhaintear astu chun na críche sin, ba cheart go n-áireofaí leis na seirbhísí sin seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, amhail seirbhísí curtha teachtaireachtaí agus seirbhísí r-phoist gréasán-bhunaithe, a mhéid atá na seirbhísí sin ar fáil go poiblí. Ó tharla go mbaineann an baol céanna mí-úsáide le seirbhísí lena gcumasaítear idirmhalartú faisnéise idirphearsanta agus idirghníomhach nach bhfuil iontu ach mionghné choimhdeach atá nasctha go bunúsach le seirbhís eile, amhail comhrá agus feidhmeanna comhchosúla eile mar chuid de chluichíocht, comhroinnt íomhánna agus óstáil físeán, ba cheart go gcumhdófaí na seirbhísí sin leis an Rialachán sin freisin. ***Ba cheart innill chuardaigh ar líne agus aon seirbhísí intleachta saorga eile a chumhdach freisin.*** I bhfianaise na ndifríochtaí bunúsacha idir seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a chumhdaítear leis an Rialachán sin agus na rioscaí éagsúla gaolmhara go n-úsáidfí na seirbhísí sin chun críche na mí-úsáide gnéasaí leanaí, agus cumas éagsúil na soláthraithe lena mbaineann chun an mhí-úsáid sin a chosc agus a chomhrac, áfach, ba cheart na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar sholáthraithe na seirbhísí sin a idirdhealú ar bhealach iomchuí.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart go mbeadh an Rialachán sin gan dochar do na rialacha a eascraíonn as gníomhartha eile an Aontais, go háirithe Treoir 2011/93 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], agus Rialachán (AE) ***…/…*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] ***[maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/13/CE]***, Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] , , Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42], agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43].	(7) Ba cheart go mbeadh an Rialachán sin gan dochar do na rialacha a eascraíonn as gníomhartha eile an Aontais, go háirithe Treoir 2011/93 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], agus Rialachán (AE) ***2022/2065*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42], agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43].
[38] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).	[38] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).
[39] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (‘an Treoir maidir le trádáil leictreonach’) (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).	[39] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (‘an Treoir maidir le trádáil leictreonach’) (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).
[40] Rialachán (AE)***.../...*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha	[40] Rialachán (AE)***2022/2065*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha

(an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (IO L***...).***

(an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (IO L***277/1)***).

[41] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhís meán closamhairc a sholáthar (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

[41] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhís meán closamhairc a sholáthar (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

[42] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir leis an tsaorghluaiseacht sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[42] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir leis an tsaorghluaiseacht sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[43] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (‘an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach’) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

[43] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (‘an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach’) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ba cheart an Rialachán sin a mheas mar lex specialis i ndáil leis an gcreat is infheidhme go ginearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]*** lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le seirbhísí áirithe na sochaí faisnéise a sholáthar sa mhargadh	(8) Ba cheart an Rialachán sin a mheas mar lex specialis i ndáil leis an gcreat is infheidhme go ginearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) ***2022/2065*** lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le seirbhísí áirithe na sochaí faisnéise a sholáthar sa mhargadh inmheánach. Tá feidhm ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) ***2022/2065*** maidir le saincheisteanna nach dtugtar aghaidh orthu nó nach dtugtar

inmheánach. Tá feidhm ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]*** i leith saincheisteanna a dtugtar nó nach dtugtar aghaidh orthu go hiomlán leis an Rialachán sin.	aghaidh orthu go hiomlán leis an Rialachán sin.
	Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht, ba cheart na sainmhínithe dá ndéantar foráil sa Rialachán sin, i gcás inar féidir agus in arb iomchuí, a bhunú ar na sainmhínithe ábhartha in ionstraimí eile de dhlí an Aontais agus ba cheart iad a ailíniú leo, amhail Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***.	(10) Ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht, ba cheart na sainmhínithe dá bhforáiltear sa Rialachán sin, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, a bheith bunaithe ar na sainmhínithe ábhartha atá i ngníomhartha eile de dhlí an Aontais, amhail Rialachán (AE) ***2022/2065***, agus iad a ailíniú leo.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ba cheart féachaint ar nasc substaintiúil leis an Aontas mar rud arb ann dó i gcás ina bhfuil bunaíocht ag seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise san Aontas nó,	(11) Ba cheart a mheas gurb ann do nasc substaintiúil leis an Aontas i gcás ina bhfuil bunaíocht ag seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise san Aontas nó, ina éagmais sin, ***i***

ina éagmais sin, ***ar an mbonn go bhfuil líon suntasach úsáideoirí*** i mBallstát amháin nó níos mó***, nó*** go bhfuil gníomhaíochtaí spriocdhírithe ar Ballstát amháin nó níos mó. Ba cheart spriocdhíriú gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó a chinneadh ar bhonn na gcúinsí ábhartha ar fad, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht chun táirgí nó seirbhísí a ordú, nó fearann náisiúnta barrleibhéil a úsáid. D'fhéadfaí spriocdhíriú gníomhaíochtaí Bhallstát amháin nó níos mó a dhíorthú ó infhaighteacht feidhmchlár bogearraí sa stóras feidhmchlár bogearraí náisiúnta ábhartha, ó fhógraíocht áitiúil nó fógraíocht sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin a sholáthar, nó ó chaidreamh custaiméirí a láimhseáil, amhail seirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin. Ba cheart nasc substaintiúil a thoimhdiú freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhíse a ghníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagal 17(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44]. Suíomh gréasáin ón Aontas a bheith inrochtana go teicniúil, níor cheart a mheas gur rud é sin ann féin a bhunaíonn nasc substaintiúil leis an Aontas.

[44] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

gcás ina bhfuil líon ***faighteoirí na seirbhíse*** i mBallstát amháin nó níos mó ***suntasach i ndáil leis an daonra sin, nó ar bhonn*** gníomhaíochtaí a bheith dírithe ar Bhallstát amháin nó níos mó. Ba cheart spriocdhíriú gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó a chinneadh ar bhonn na gcúinsí ábhartha ar fad, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht chun táirgí nó seirbhísí a ordú, nó fearann náisiúnta barrleibhéil a úsáid. D'fhéadfaí spriocdhíriú gníomhaíochtaí Bhallstát amháin nó níos mó a dhíorthú ó infhaighteacht feidhmchlár bogearraí sa stóras feidhmchlár bogearraí náisiúnta ábhartha, ó fhógraíocht áitiúil nó fógraíocht sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin a sholáthar, nó ó chaidreamh custaiméirí a láimhseáil, amhail seirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin. Ba cheart nasc substaintiúil a thoimhdiú freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhíse a ghníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagal 17(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44]. Suíomh gréasáin ón Aontas a bheith inrochtana go teicniúil, níor cheart a mheas gur rud é sin ann féin a bhunaíonn nasc substaintiúil leis an Aontas.

[44] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) D'fhéadfadh roinnt de sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise sin a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin a bheith faoi réir oibleagáide chun measúnú riosca a dhéanamh faoi Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]*** i ndáil leis an bhfaisnéis a stórálann siad agus a scaipeann siad ar an bpobal. Chun críocha an Rialacháin reatha, féadfaidh na soláthraithe sin tarraingt ar an measúnú riosca sin agus é a chomhlánú le measúnú níos sonraí ar na rioscaí a bhaineann lena seirbhísí a úsáid chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, mar a éilítear leis an Rialachán sin.	(15) D'fhéadfadh roinnt de na soláthraithe sin a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi raon feidhme an Rialacháin sin a bheith faoi réir oibleagáide freisin measúnú riosca a dhéanamh faoi Rialachán (AE) ***2022/2065*** maidir le faisnéis a stórálann siad agus a scaipeann siad ar an bpobal. Chun críocha an Rialacháin reatha***, agus chun comhsheasmhacht a áirithiú agus dúbailt a sheachaint***, féadfaidh na soláthraithe sin tarraingt ar an measúnú riosca sin agus é a chomhlánú le measúnú níos sonraí ar na rioscaí a bhaineann lena seirbhísí a úsáid chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, mar a éilítear leis an Rialachán sin.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, bearta réasúnacha a dhéanamh chun an riosca go mbainfí úsáid as a seirbhísí chun na críche sin a mhaolú, mar a shainaithnítear leis an measúnú riosca. Soláthraithe atá faoi réir oibleagáide chun bearta maolaithe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh***	(16) Chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, bearta réasúnacha a dhéanamh chun an riosca go mbainfí úsáid as a seirbhísí chun na críche sin a mhaolú, mar a shainaithnítear leis an measúnú riosca. Soláthraithe atá faoi réir oibleagáid bearta maolaithe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) ***2022/2065***, féadfaidh siad

Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE], féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a fhéadfaidh bearta maolaithe a ghlactar chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ***a bhféadfadh*** bearta saindírithe chun cearta an linbh a chosaint a áireamh ann, lena n-áirítear ***fíorúchán aoise agus*** uirlisí rialaithe tuismitheora***,*** feidhmiú freisin le haghaidh a thabhairt ar an riosca a shainaithnítear sa measúnú riosca sonrach de bhun an Rialacháin sin, agus féadfaidh siad machnamh a dhéanamh ar an méid a bheadh beart maolaithe saindírithe breise de dhíth chun an Rialachán sin a chomhlíonadh.

a mhéid a mheas na bearta maolaithe arna nglacadh chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh***.*** Féadfar a áireamh ar na ***bearta maolaithe a gcomhéadan ar líne nó codanna díobh a dhearadh ag a bhfuil an leibhéal is airde príobháideachais, sábháilteachta agus slándála do leanaí mar réamhshocrú nó caighdeáin a ghlacadh chun leanaí a chosaint, nó páirt a ghlacadh i gcóid iompair chun leanaí a chosaint,*** bearta spriocdhírithe chun cearta an linbh a chosaint, lena n-áirítear ***feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear dearbhú aoise agus scóráil aoise, agus uirlisí rialaithe tuismitheoirí atá oiriúnach ó thaobh aoise de. Trí shásraí bratacha agus/nó sásraí fógartha agus feidhmiúlachtaí féintuairiscithe a chumasú***, féadfar aghaidh a thabhairt freisin ar an riosca a shainaithnítear sa mheasúnú riosca sonrach de bhun an Rialacháin sin, agus a mhéid a d'fhéadfadh gá a bheith le tuilleadh beart maolaithe spriocdhírithe chun an Rialachán sin a chomhlíonadh.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) Ba cheart do sholáthraithe measúnú a dhéanamh freisin, i roinn ar leith dá measúnú riosca, ar úsáid dheonach teicneolaíochtaí sonracha chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil a mhéid is fíorghá chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ar a gcuid seirbhísí agus í a thuairisciú agus chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint dá seirbhísí. Ar bhonn an mheasúnaithe dheighilte sin, féadfaidh soláthraithe a iarraidh ar an

Údarás Comhordaithe inniúil leanúint de theicneolaíochtaí sonracha a úsáid chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun na críocha sin, mar chuid dá mbeart maolaithe. Tar éis iarraidh sin a fháil ón soláthraí, beidh sé de chumhacht ag an Údarás Comhordaithe inniúil a iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó ar údarás riaracháin neamhspleách eile de chuid an Bhallstáit sin ordú a eisiúint lena n-údaraítear don soláthraí bearta maolaithe a choinneáil ar bun nó a chur chun feidhme arb é atá iontu teicneolaíochtaí sonracha a úsáid chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil a mhéid is fíorghá chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne ar a gcuid seirbhísí a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Chun a áirithiú go mbaintear amach cuspóirí an Rialacháin sin, ba cheart go mbeadh an tsolúbthacht sin faoi réir an ghá dlí an Aontais a chomhlíonadh agus, go háirithe, ceanglais an Rialacháin sin maidir le bearta maolaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, le linn dóibh na bearta maolaithe a dhearadh agus a chur chun feidhme, tábhacht a thabhairt ní hamháin dá n-éifeachtacht a áirithiú, ach d'iarmhairtí diúltacha míchuí do pháirtithe eile dá ndéantar difear a sheachaint, go háirithe maidir le cearta bunúsacha úsáideoirí a fheidhmiú. Chun comhréireacht a áirithiú, le linn cinneadh a	(18) Chun a áirithiú go mbaintear amach cuspóirí an Rialacháin sin, ba cheart go mbeadh an tsolúbthacht sin faoi réir an ghá dlí an Aontais a chomhlíonadh agus, go háirithe, ceanglais an Rialacháin sin maidir le bearta maolaithe. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, le linn dóibh na bearta maolaithe a dhearadh agus a chur chun feidhme, tábhacht a thabhairt ní hamháin dá n-éifeachtacht a áirithiú, ach d'iarmhairtí diúltacha míchuí do pháirtithe eile dá ndéantar difear a sheachaint, go háirithe maidir le cearta bunúsacha úsáideoirí a fheidhmiú ***agus, dá bhrí sin, sa bhealach is lú agus is féidir a***

dhéanamh faoi na bearta maolaithe is ceart a dhéanamh go réasúnach i gcás faoi leith, ba cheart cumais airgeadais agus teicneolaíocha chomh maith le méid an tsoláthraí lena mbaineann a chur san áireamh. Le linn dóibh bearta maolaithe iomchuí a roghnú, ba cheart do sholáthraithe breithniú cuí a dhéanamh ar na bearta féideartha a liostaítear sa Rialachán sin ar a laghad, chomh maith le, i gcás inarb iomchuí, bearta eile amhail na bearta a bhunaítear ar dhea-chleachtais tionscail, lena n-áirítear na bearta a bhunaítear trí chomhar féinrialála, agus na bearta atá i dtreoirlínte ón gCoimisiún. I gcás nár braitheadh aon riosca i ndiaidh mheasúnú riosca a rinneadh go dícheallach nó mheasúnú riosca a tugadh cothrom le dáta, níor cheart a cheangal ar sholáthraithe aon bhearta maolaithe a dhéanamh.

dhéanann cúngracht. Chun comhréireacht a áirithiú, le linn cinneadh a dhéanamh faoi na bearta maolaithe is ceart a dhéanamh go réasúnach i gcás faoi leith, ba cheart cumais airgeadais agus teicneolaíocha chomh maith le méid an tsoláthraí lena mbaineann a chur san áireamh. Le linn dóibh bearta maolaithe iomchuí a roghnú, ba cheart do sholáthraithe breithniú cuí a dhéanamh ar na bearta féideartha a liostaítear sa Rialachán sin ar a laghad, chomh maith le, i gcás inarb iomchuí, bearta eile amhail na bearta a bhunaítear ar dhea-chleachtais tionscail, lena n-áirítear na bearta a bhunaítear trí chomhar féinrialála, agus na bearta atá i dtreoirlínte ón gCoimisiún. I gcás nár braitheadh aon riosca i ndiaidh mheasúnú riosca a rinneadh go dícheallach nó mheasúnú riosca a tugadh cothrom le dáta, níor cheart a cheangal ar sholáthraithe aon bhearta maolaithe a dhéanamh.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) D'fhonn mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ba cheart an chumhacht a thabhairt do na hÚdaráis Chomhordúcháin a ainmníonn na Ballstáit faoin Rialachán sin a iarraidh go n-eiseofaí orduithe braite, i gcás ina ***meastar nach leor*** iad bearta maolaithe chun srian a chur leis an riosca go mbainfí mí-úsáid as seirbhís áirithe chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí. Chun aon chur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a sheachaint agus chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart go mbeadh an chumhacht sin faoi réir ag tacar cothromaithe teorainneacha agus coimircí.	(20) Chun a áirithiú go ndéanfar mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac go héifeachtach, ***nuair a dhiúltaíonn an soláthraí comhoibriú trí na bearta maolaitheacha a chur i bhfeidhm*** atá ***dírithe*** ar theorainn a chur leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as seirbhís áirithe chun críche mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, ba cheart cumhacht a thabhairt do na hÚdaráis Chomhordúcháin arna n-ainmniú ag na Ballstáit faoin Rialachán sin***, mar rogha dheiridh,*** a iarraidh mar rogha dheireanach go n-eiseofar orduithe braite. Chun aon chur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a

Mar shampla, ag cur san áireamh go scaiptear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí trí sheirbhísí óstála agus trí sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, de ghnáth, agus go ndéantar sirtheoireacht leanaí i seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, den chuid is mó, níor cheart go mbeadh sé indéanta orduithe braite a sheoladh ach amháin chuig soláthraithe na seirbhísí sin.	sheachaint agus chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart go mbeadh an chumhacht sin faoi réir ag tacar cothromaithe teorainneacha agus coimircí. Mar shampla, ag cur san áireamh go scaiptear ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí trí sheirbhísí óstála agus trí sheirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, de ghnáth, agus go ndéantar sirtheoireacht leanaí i seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, den chuid is mó, níor cheart go mbeadh sé indéanta orduithe braite a sheoladh ach amháin chuig soláthraithe na seirbhísí sin.
	Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Thairis sin, mar chuid de na teorainneacha agus coimircí sin, níor cheart orduithe braite a eisiúint ach amháin i ndiaidh mheasúnú dícheallach agus oibiachtúil a raibh mar thoradh air gur thángthas ar riosca suntasach go mbainfí mí-úsáid as an tseirbhís shonrach lena mbaineann chun críche chineál áirithe mí-úsáide gnéasaí leanaí a chumhdaítear leis an Rialachán sin. Ceann de na gnéithe le cur san áireamh i ndáil leis sin is ea an dóchúlacht go n-úsáidfear an tseirbhís, a mhéid atá suntasach, chun críche na mí-úsáide sin, is é sin, níos mó ná i gcásanna aonuaire nó neamhchoitianta. Ba cheart critéir éagsúla a úsáid chun saintréithe difriúla na gcineálacha éagsúla mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a dhéantar a chur san áireamh, agus chun saintréithe difriúla na seirbhísí a úsáidtear chun an mhí-úsáid sin a dhéanamh a chur san áireamh, chomh maith le céimeanna difriúla cunórachta na mbeart atá le déanamh chun an t-ordú	(21) Thairis sin, mar chuid de na teorainneacha agus coimircí sin, níor cheart orduithe braite a eisiúint ach amháin i ndiaidh mheasúnú dícheallach agus oibiachtúil a raibh mar thoradh air gur thángthas ar riosca suntasach go mbainfí mí-úsáid as an tseirbhís shonrach lena mbaineann chun críche chineál áirithe mí-úsáide gnéasaí leanaí a chumhdaítear leis an Rialachán sin. ***Chun an measúnú sin a dhéanamh, ní mór idirphlé líofa a bhunú idir an tÚdarás Comhordaithe agus an soláthraí. Chun an aidhm sin a bhaint amach, ba cheart don Údarás Comhordaithe a bheith in ann faisnéis bhreise a iarraidh ar Lárionad AE, ar na húdaráis inniúla cosanta sonraí nó ar údarás nó eintitis phoiblí eile.*** Ceann de na gnéithe le cur san áireamh i ndáil leis sin is ea an dóchúlacht go n-úsáidfear an tseirbhís, a mhéid atá suntasach, chun críche na mí-úsáide sin, is é sin, níos mó ná i gcásanna aonuaire nó neamhchoitianta***.***

braite a fhorghníomhú.

Féadfar a thuiscint gurb é atá i méid suntasach ná áit a bhféadfadh rochtain ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí leathadh go tapa agus go forleathan le raon leathan nó modhanna eile aimpliúcháin. Ba cheart critéir éagsúla a úsáid chun saintréithe difriúla na gcineálacha éagsúla mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a dhéantar a chur san áireamh, agus chun saintréithe difriúla na seirbhísí a úsáidtear chun an mhí-úsáid sin a dhéanamh a chur san áireamh, chomh maith le céimeanna difriúla cunórachta na mbeart atá le déanamh chun an t-ordú braite a fhorghníomhú.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ina theannta sin, chun cur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a sheachaint agus chun comhréireacht a áirithiú, i gcás go suitear gur comhlíonadh na riachtanais sin agus go bhfuil ordú braite le heisiúint, ba cheart a áirithiú i gcónaí go bhfuil an t-ordú braite saindírithe agus ***sonraithe*** lena áirithiú nach rachaidh na hiarmhairtí dhiúltach sin do pháirtithe a ndéanann an t-ordú difear dóibh thar an méid a bhfuil fíorghá leis chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca suntasach a sainaithníodh. Ba cheart go mbainfeadh sé sin le, go háirithe, srian le cuid inaitheanta nó le comhpháirt den tseirbhís ***i gcás inar féidir, gan dochar d'éifeachtacht an bhirt***, amhail cineálacha sonracha cainéal de sheirbhís cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, nó le húsáideoirí sonracha nó grúpaí sonracha úsáideoirí, a mhéid a d'fhéadfaí caitheamh leo ina n-aonar chun críche braite, chomh maith le sonrú na	(23) Ina theannta sin, chun cur isteach míchuí ar chearta bunúsacha a sheachaint agus chun comhréireacht a áirithiú, i gcás go suitear gur comhlíonadh na riachtanais sin agus go bhfuil ordú braite le heisiúint, ba cheart a áirithiú fós ***go bhfuil bonn cirt leis an ordú braite, go bhfuil sé comhréireach nó go bhfuil baint aige leis an tseirbhís shonrach, le húsáideoirí nó le grúpa úsáideoirí,*** go bhfuil sé spriocdhírithe agus ***teoranta ó thaobh ama de*** chun a áirithiú nach dtéann aon de na hiarmhairtí diúltacha sin ar pháirtithe dá ndéantar difear thar a bhfuil fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca suntasach a sainaithníodh. Ba cheart go mbainfeadh sé sin le, go háirithe, srian le cuid inaitheanta nó le comhpháirt den tseirbhís, amhail cineálacha sonracha cainéal de sheirbhís cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí, nó le húsáideoirí sonracha nó grúpaí

gcoimircí atá sa bhreis ar na coimircí a sonraíodh go sainráite sa Rialachán sin cheana féin, amhail iniúchóireacht neamhspleách, faisnéis bhreise nó rochtain ar shonraí a sholáthar, formhaoirseacht agus athbhreithniú daonna atreisithe, agus srian bhreise le fad chur i bhfeidhm an ordaithe braite a mheasann an tÚdarás Comhordúcháin a bhfuil gá leis. Chun torthaí míréasúnacha nó díréireacha a sheachaint, ba cheart na riachtanais sin a leagan amach i ndiaidh mheasúnú oibiachtúil agus dícheallach a dhéanamh ar bhonn cás ar chás.

sonracha úsáideoirí, a mhéid a d'fhéadfaí caitheamh leo ina n-aonar chun críche braite, chomh maith le sonrú na gcoimircí atá sa bhreis ar na coimircí a sonraíodh go sainráite sa Rialachán sin cheana féin, amhail iniúchóireacht neamhspleách, faisnéis bhreise nó rochtain ar shonraí a sholáthar, formhaoirseacht agus athbhreithniú daonna atreisithe, agus srian bhreise le fad chur i bhfeidhm an ordaithe braite a mheasann an tÚdarás Comhordúcháin a bhfuil gá leis. Chun torthaí míréasúnacha nó díréireacha a sheachaint, ba cheart na riachtanais sin a leagan amach i ndiaidh mheasúnú oibiachtúil agus dícheallach a dhéanamh ar bhonn cás ar chás.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Na bearta a dhéanann soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí chun orduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú, ba cheart go mbeidís teoranta go docht don mhéid a shonraítear sa Rialachán sin agus sna horduithe braite a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán sin. Chun éifeachtacht na mbeart sin a áirithiú, a fhágáil gur féidir réitigh shaincheaptha a bheith ann, fanacht neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus dul timpeall ar na hoibleagáidí braite a sheachaint, ba cheart na bearta sin a dhéanamh gan beann ar na teicneolaíochtaí a úsáideann na soláthraithe lena mbaineann i ndáil le soláthar a gcuid seirbhísí. Dá bhrí sin, is rud é an Rialachán sin lena bhfágtar faoin soláthraí lena mbaineann na teicneolaíochtaí atá le feidhmiú chun orduithe braite a	(26) Na bearta a dhéanann soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí chun orduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú, ba cheart go mbeidís teoranta go docht don mhéid a shonraítear sa Rialachán sin agus sna horduithe braite a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán sin. Chun éifeachtacht na mbeart sin a áirithiú, a fhágáil gur féidir réitigh shaincheaptha a bheith ann, fanacht neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus dul timpeall ar na hoibleagáidí braite a sheachaint, ba cheart na bearta sin a dhéanamh gan beann ar na teicneolaíochtaí a úsáideann na soláthraithe lena mbaineann i ndáil le soláthar a gcuid seirbhísí. Dá bhrí sin, is rud é an Rialachán sin lena bhfágtar faoin soláthraí lena mbaineann na teicneolaíochtaí atá le feidhmiú chun orduithe braite a

chomhlíonadh go héifeachtach a roghnú, agus níor cheart é a thuiscint gur dreasú nó dídhreasú maidir le haon teicneolaíocht faoi leith a úsáid atá ann, ar choinníoll go gcomhlíonann na teicneolaíochtaí agus na bearta a ghabhann leo ceanglais an Rialacháin sin. ***Áirítear leis sin úsáid a bhaint as teicneolaíocht criptiúcháin ó cheann go ceann, ar uirlis thábhachtach í chun slándáil agus rúndacht chumarsáid na n-úsáideoirí a ráthú, lena n-áirítear cumarsáid leanaí.*** Le linn dóibh an t-ordú braite a fhorghníomhú, ba cheart do sholáthraithe gach beart coimirce atá ar fáil a dhéanamh lena áirithiú nach bhféadfaidh siad féin ná a gcuid fostaithe, ná tríú páirtithe, na teicneolaíochtaí a úsáideann siad a úsáid chun críoch seachas chun an Rialachán sin a chomhlíonadh, agus dá bharr sin gan an bonn a bhaint ó shlándáil agus ó rúndacht teachtaireachtaí úsáideoirí.	chomhlíonadh go héifeachtach a roghnú, agus níor cheart é a thuiscint gur dreasú nó dídhreasú maidir le haon teicneolaíocht faoi leith a úsáid atá ann, ar choinníoll go gcomhlíonann na teicneolaíochtaí agus na bearta a ghabhann leo ceanglais an Rialacháin sin. Le linn dóibh an t-ordú braite a fhorghníomhú, ba cheart do sholáthraithe gach beart coimirce atá ar fáil a dhéanamh lena áirithiú nach bhféadfaidh siad féin ná a gcuid fostaithe, ná tríú páirtithe, na teicneolaíochtaí a úsáideann siad a úsáid chun críoch seachas chun an Rialachán sin a chomhlíonadh, agus dá bharr sin gan an bonn a bhaint ó shlándáil agus ó rúndacht teachtaireachtaí úsáideoirí.
	Or. en
Leasú 17	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 26 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26a) Is uirlis thábhachtach é criptiú ó cheann go ceann chun slándáil agus rúndacht chumarsáid na n-úsáideoirí a ráthú, lena n-áirítear cumarsáid leanaí. D'fhéadfadh tríú páirtithe mailíseacha mí-úsáid a bhaint as aon lagú ar an gcriptiú ó cheann go ceann. Níor cheart, dá bhrí sin, aon ní sa Rialachán sin a léiriú mar ní lena gcuirtear toirmeasc nó lena ndéantar lagú ar chriptiú ó cheann go ceann. Mar sin féin, a mhéid is fíorghá agus comhréireach chun maolú a dhéanamh ar an riosca go mbainfí mí-úsáid as a gcuid seirbhísí chun críche mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, ba cheart don údarás breithiúnach inniúil nó

d'údarás riaracháin neamhspleách eile soláthraithe a údarú chun meiteashonraí a phróiseáil ar féidir leo patrúin amhrasacha iompair a bhrath gan rochtain a bheith acu ar ábhar na cumarsáide criptithe.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Chun comhlíontacht na soláthraithe leis na hoibleagáidí braite a éascú, ba cheart do Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí braite a chur ar fáil do sholáthraithe a fhéadfaidh siad a roghnú le húsáid ar bhonn saor in aisce, chun críche na horduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú agus chun na críche sin amháin. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí faoi na teicneolaíochtaí sin agus faoi na bealaí is fearr chun iad a úsáid chun comhlíontacht le rialacha is infheidhme dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a áirithiú. Ba cheart go dtabharfadh Lárionad an Aontais comhairle ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí san áireamh le linn dó liostaí de na teicneolaíochtaí atá ar fáil a chur le chéile agus ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún an chomhairle ón mBord san áireamh le linn dó treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí braite a ullmhú. ***Féadfaidh*** na soláthraithe na teicneolaíochtaí a chuireann Lárionad an Aontais nó daoine eile ar fáil a fheidhmiú, ***nó*** teicneolaíochtaí a d'fhorbair siad féin, fad agus a chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin sin.	(27) Chun comhlíontacht na soláthraithe leis na hoibleagáidí braite a éascú, ba cheart do Lárionad an Aontais teicneolaíochtaí braite a chur ar fáil do sholáthraithe a fhéadfaidh siad a roghnú le húsáid ar bhonn saor in aisce, chun críche na horduithe braite a dhírítear orthu a fhorghníomhú agus chun na críche sin amháin. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí faoi na teicneolaíochtaí sin agus faoi na bealaí is fearr chun iad a úsáid chun comhlíontacht le rialacha is infheidhme dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a áirithiú. Ba cheart go dtabharfadh Lárionad an Aontais comhairle ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí san áireamh le linn dó liostaí de na teicneolaíochtaí atá ar fáil a chur le chéile agus ba cheart go dtabharfadh an Coimisiún an chomhairle ón mBord san áireamh le linn dó treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí braite a ullmhú. ***Níor cheart go mbeadh na soláthraithe teoranta do na*** teicneolaíochtaí arna gcur ar fáil ag Lárionad an Aontais Eorpaigh nó ag daoine eile a oibriú ***ach beidh cead acu i gcónaí úsáid a bhaint*** as teicneolaíochtaí a d'fhorbair siad féin, fad a chomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin sin.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Tá soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí i gcáil uathúil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a bhaineann lena seirbhísí a bhrath. An fhaisnéis a d'fhéadfaidís a fháil le linn dóibh a seirbhísí a chur ar fáil, is minic a bhíonn sí riachtanach chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus chun iad a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, ***ba cheart a éileamh orthu mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha ar a seirbhísí a thuairisciú***, am ar bith a éiríonn siad feasach fúithi, is é sin, ***i gcás go bhfuil forais réasúnacha ann chun a creidiúint go bhféadfadh gníomhaíocht áirithe a bheith ina*** mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. I gcás ina bhfuil na forais réasúnacha sin ann, níor cheart amhras faoi aois an íospartaigh fhéideartha cosc a chur ar na soláthraithe sin tuairiscí a chur isteach. ***Dé ghrá na héifeachtachta, an bealach a tháinig siad ar an bhfeasacht sin, ba cheart é a bheith neamhábhartha. D'fhéadfaí teacht ar an bhfeasacht sin, mar shampla, trí bhíthin orduithe braite a fhorghníomhú, trí bhíthin faisnéis arna cur in iúl ag úsáideoirí nó eagraíochtaí a fheidhmíonn chun leas an phobail in aghaidh mí-úsáid ghnéasach leanaí, nó trí bhíthin gníomhaíochtaí a dhéanann na soláthraithe as a stuaim féin. Ba cheart do na soláthraithe sin an t-íosmhéid faisnéise a thuairisciú***, mar a shonraítear sa Rialachán sin, ***le go mbeidh údaráis um fhorfheidhmiú an dlí in ann measúnú a***	(29) Tá soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí i gcáil uathúil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha ar líne a bhaineann lena seirbhísí a bhrath. An fhaisnéis a d'fhéadfaidís a fháil le linn dóibh a seirbhísí a chur ar fáil, is minic a bhíonn sí riachtanach chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí agus chun iad a ionchúiseamh. Dá bhrí sin, ***tar éis dóibh eolas nó feasacht iarbhír a fháil*** maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir lena seirbhísí***, ba cheart dóibh gníomhú go gasta chun rochtain ar an ábhar sin a bhaint nó a dhíchumasú agus chun é a thuairisciú do Lárionad AE i gcomhréir leis an Rialachán sin. Agus rochtain á baint nó á díchumasú, ba cheart cearta bunúsacha fhaighteoirí na seirbhíse a urramú, lena n-áirítear an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. Is féidir leis an soláthraí an t-eolas nó an fheasacht iarbhír sin a fháil maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar a gcuid seirbhísí, inter alia trína imscrúduithe féintionscnaimh, trí orduithe braite deonacha nó orduithe braite deonacha a fhorghníomhú, agus trí fhaisnéis a luann úsáideoirí, féinthuairiscithe ag íospartaigh nó eagraíochtaí, amhail beolínte, ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí, nó trí fhógraí arna ndéanamh ag na húdaráis chomhordaithe nó ag Lárionad an Aontais.*** I gcás ina bhfuil na

dhéanamh ar cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh siad imscrúdú a thionscnamh, i gcás inarb ábhartha, agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na tuairiscí chomh hiomlán agus is féidir sula gcuireann siad isteach iad.

forais réasúnacha sin ann, níor cheart amhras faoi aois an íospartaigh fhéideartha cosc a chur ar na soláthraithe sin tuairiscí a chur isteach. Ba cheart íosmhéid faisnéise a bheith ***sna tuarascálacha sin***, mar a shonraítear sa Rialachán sin, agus ba cheart do ***sholáthraithe*** a áirithiú go bhfuil na tuarascálacha chomh hiomlán agus is féidir sula gcuirtear isteach iad ***ionas gur féidir leis na húdaráis forfheidhmithe dlí inniúla díriú ar thuarascálacha is dóchúla a mbeidh aisghabháil linbh, gabháil ciontóra, nó an dá rud mar thoradh orthu***.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Lena áirithiú go mbaintear anuas ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne chomh tapa agus is féidir i ndiaidh a braite, ba cheart go mbeadh an chumhacht ag Údaráis Chomhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údaráis bhreithiúnacha inniúla nó ar údaráis riaracháin neamhspleácha ordú baint anuas a eisiúint agus é dírithe ar sholáthraithe seirbhísí óstála. Ó tharla go bhféadfadh baint anuas nó díchumasú rochtana difear a dhéanamh do cheart na n-úsáideoirí a sholáthair an t-ábhar lena mbaineann, ba cheart do na soláthraithe úsáideoirí sin a chur ar an eolas faoi chúiseanna na bainte anuas, lena chur ar a gcumas a gceart chun sásaimh a fheidhmiú, faoi réir na n-eisceachtaí is gá le nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.	(30) Lena áirithiú go mbaintear anuas ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne chomh tapa agus is féidir i ndiaidh a braite, ba cheart go mbeadh an chumhacht ag Údaráis Chomhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údaráis bhreithiúnacha inniúla nó ar údaráis riaracháin neamhspleácha ordú baint anuas a eisiúint agus é dírithe ar sholáthraithe seirbhísí óstála. Ó tharla go bhféadfadh baint anuas nó díchumasú rochtana difear a dhéanamh do cheart na n-úsáideoirí a sholáthair an t-ábhar lena mbaineann, ba cheart do na soláthraithe úsáideoirí sin a chur ar an eolas faoi chúiseanna na bainte anuas, lena chur ar a gcumas a gceart chun sásaimh a fheidhmiú, faoi réir na n-eisceachtaí is gá le nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí chun cionta mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. ***Ba cheart orduithe baint anuas a dhíriú,***

	mar riail ghinearálta, ar sholáthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise atá ag gníomhú mar fhaighteoir na seirbhíse i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065. Mar eisceacht, i gcás ina ndéantar ábhar a stóráil nó a phróiseáil mar chuid de bhonneagar arna sholáthar ag soláthraí eile de sheirbhís ábhartha de chuid na sochaí faisnéise, féadfar an t-ordú baint anuas a dhíriú go díreach chuige i gcás nach féidir faighteoir na seirbhíse a shainaithint d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an Údarás Comhordaithe, nó i gcás ina bhféadfadh seoladh fhaighteoir na seirbhíse dochar a dhéanamh d'imscrúdú atá ar siúl.
	Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Níor cheart rialacha an Rialacháin sin a thuiscint mar rialacha a dhéanann difear do na ceanglais maidir le horduithe baint anuas a leagtar amach i Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***.	(31) Níor cheart a thuiscint go ndéanann rialacha an Rialacháin sin difear do na ceanglais maidir le horduithe baint anuas a leagtar amach i Rialachán (AE) ***2022/2065***.
	Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) De ghrá na comhsheasmhachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta agus chun an riosca go rachfaí timpeall orthu a íoslaghdú, ba cheart na horduithe blocála sin a bhunú ar an liosta ***aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne, as a leanfadh míreanna sonracha mí-úsáide gnéasaí leanaí fíoraithe, arna gcur i dtoll a chéile agus arna gcur ar fáil go lárnach ag Lárionad an Aontais ar bhonn aighneachtaí arna bhfíorú go dícheallach ag údaráis ábhartha na mBallstát. Chun bearta gan údar nó díréireacha a sheachaint, go háirithe bearta a ndéanfadh difear míchuí do na cearta bunúsacha i gceist, go háirithe, sa bhreis ar chearta na leanaí, saoirse na n-úsáideoirí chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus saoirse na soláthraithe chun fiontraíochta, ba cheart foráil a dhéanamh do theorainneacha agus coimircí iomchuí. Go háirithe, ba cheart a áirithiú nach míréasúnach iad na hualaí a fhorchuirtear ar sholáthraithe na seirbhísí rochtana idirlín lena mbaineann, go ndéantar measúnú dícheallach ar an ngá le horduithe blocála agus lena gcomhréireacht i ndiaidh a n-eisiúna freisin, agus go bhfuil modh éifeachtach sásaimh breithiúnaigh agus neamh-bhreithiúnaigh ag na soláthraithe agus ag na húsáideoirí a ndéantar difear dóibh.	(33) De ghrá na comhsheasmhachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta agus chun an riosca go rachfaí timpeall orthu a íoslaghdú, ba cheart na horduithe blocála sin a bhunú ar an liosta ***aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne, as a leanfadh míreanna sonracha mí-úsáide gnéasaí leanaí fíoraithe, arna gcur i dtoll a chéile agus arna gcur ar fáil go lárnach ag Lárionad an Aontais ar bhonn aighneachtaí arna bhfíorú go dícheallach ag údaráis ábhartha na mBallstát. Chun bearta gan údar nó díréireacha a sheachaint, go háirithe bearta a ndéanfadh difear míchuí do na cearta bunúsacha i gceist, go háirithe, sa bhreis ar chearta na leanaí, saoirse na n-úsáideoirí chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus saoirse na soláthraithe chun fiontraíochta, ba cheart foráil a dhéanamh do theorainneacha agus coimircí iomchuí. Go háirithe, ba cheart a áirithiú nach míréasúnach iad na hualaí a fhorchuirtear ar sholáthraithe na seirbhísí rochtana idirlín lena mbaineann, go ndéantar measúnú dícheallach ar an ngá le horduithe blocála agus lena gcomhréireacht i ndiaidh a n-eisiúna freisin, agus go bhfuil modh éifeachtach sásaimh breithiúnaigh agus neamh-bhreithiúnaigh ag na soláthraithe agus ag na húsáideoirí a ndéantar difear dóibh. Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33a) Chun cosc a chur ar scaipeadh an ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ar úsáideoirí san Aontas, ba cheart innill

chuardaigh ar líne agus aon chórais intleachta saorga eile a bheith faoi réir orduithe díliostála. Ba cheart an chumhacht a bheith ag na hÚdaráis Chomhordúcháin ordú díliostála a eisiúint chuig soláthraí inneall cuardaigh ar líne nó aon chórais intleachta saorga eile atá faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh iad chun bearta réasúnacha a dhéanamh chun acmhainn nó acmhainní ar leith a léiríonn míreanna sonracha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí aitheanta a dhíliostú.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) ***Is*** cion coiriúil é ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, cion a dhéanann difear do chearta na n-íospartach a thaispeántar. Ba cheart, ***dá bhrí sin***, go mbeadh an ceart ag íospartaigh faisnéis ábhartha a fháil ach í a iarraidh ar Lárionad an Aontais, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin, i gcás go ndéanann soláthraithe seirbhísí óstála nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí tuairisc faoi ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina dtaispeántar na híospartaigh sin, i gcomhréir leis an Rialachán sin.	(35) Is cion coiriúil é ***gach*** ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, cion a dhéanann difear do chearta na n-íospartach a thaispeántar. ***Is cineál athíospairt é ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh arís agus arís eile agus d'fhéadfadh sé leibhéal foircneach a bhaint amach i gcásanna ar a dtugtar ábhar 'ardtrádála'.*** Ba cheart go mbeadh an ceart ag íospartaigh faisnéis ábhartha a fháil ach í a iarraidh ar Lárionad an Aontais, trí na hÚdaráis Chomhordúcháin, i gcás go ndéanann soláthraithe seirbhísí óstála nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí tuairisc faoi ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina dtaispeántar na híospartaigh sin, i gcomhréir leis an Rialachán sin. ***Agus iad ag déileáil leis na hiarrataí sin ó chásanna d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ardtrádála, ba cheart do Lárionad an Aontais Eorpaigh agus na hÚdaráis Chomhordúcháin cúram ar leith a ghlacadh chun cosaint na n-íospartach***

lena mbaineann a áirithiú.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) I bhfianaise an tionchair ar chearta na n-íospartach a thaispeántar san ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí sin, agus i bhfianaise an cumas a bhíonn ag soláthraithe seirbhísí óstála de ghnáth chun teorainn a chur ar an tionchar sin trí chuidiú lena áirithiú nach bhfuil an t-ábhar ar fáil ar a seirbhísí a thuilleadh, ba cheart do na soláthraithe sin cúnamh a thabhairt d'íospartaigh a iarrann orthu an t-ábhar i gceist a bhaint anuas nó a dhíchumasú. Ba cheart go mbeadh an cúnamh sin teoranta don mhéid is féidir a iarraidh go réasúnach ón soláthraí lena mbaineann faoi na himthosca reatha, ag féachaint do chúinsí amhail ábhar agus raon feidhme na hiarrata, na céimeanna is gá chun na nithe d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a aimsiú agus na modhanna atá ar fáil don soláthraí. D'fhéadfadh cuidiú leis na nithe a aimsiú, seiceálacha a dhéanamh nó na nithe a bhaint anuas nó rochtain orthu a dhíchumasú a bheith sa chúnamh sin, mar shampla. Ó tharla go bhféadfaidh sé a bheith pianmhar nó ina chúis tráma fiú, chomh maith le bheith casta, na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun baint anuas nó an díchumasú rochtana sin a chur i gcrích, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag íospartaigh cúnamh a fháil ó Lárionad an Aontais i ndáil leis sin freisin, trí mheán na nÚdarás Comhordúcháin.	(36) I bhfianaise an tionchair ar chearta na n-íospartach a thaispeántar san ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí sin, agus i bhfianaise an cumas a bhíonn ag soláthraithe seirbhísí óstála de ghnáth chun teorainn a chur ar an tionchar sin trí chuidiú lena áirithiú nach bhfuil an t-ábhar ar fáil ar a seirbhísí a thuilleadh, ba cheart do na soláthraithe sin cúnamh a thabhairt d'íospartaigh a iarrann orthu an t-ábhar i gceist a bhaint anuas nó a dhíchumasú***. Ba cheart an seasamh dlíthiúil céanna a bheith ag tuismitheoirí nó ag caomhnóirí chun cearta íospartaigh a fheidhmiú nuair nach bhfuil an t-íospartach in ann é sin a dhéanamh de bharr aoise nó teorainneacha eile***. Ba cheart go mbeadh an cúnamh sin teoranta don mhéid is féidir a iarraidh go réasúnach ón soláthraí lena mbaineann faoi na himthosca reatha, ag féachaint do chúinsí amhail ábhar agus raon feidhme na hiarrata, na céimeanna is gá chun na nithe d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a aimsiú agus na modhanna atá ar fáil don soláthraí. D'fhéadfadh cuidiú leis na nithe a aimsiú, seiceálacha a dhéanamh nó na nithe a bhaint anuas nó rochtain orthu a dhíchumasú a bheith sa chúnamh sin, mar shampla. Ó tharla go bhféadfaidh sé a bheith pianmhar nó ina chúis tráma fiú, chomh maith le bheith casta, na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun baint anuas nó an díchumasú rochtana sin a chur i gcrích, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag íospartaigh cúnamh a fháil ó

Lárionad an Aontais i ndáil leis sin freisin, trí mheán na nÚdarás Comhordúcháin.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Chun éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú cheart an íospartaigh chun faisnéise agus chun cúnaimh agus tacaíochta maidir le baint anuas nó díchumasú rochtana, ba cheart cead a thabhairt d'íospartaigh an ní nó na nithe ábhartha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil faisnéis ina leith nó baint anuas nó díchumasú rochtana á lorg acu a chur in iúl, trí mheán an íomhá, na híomhánna, an físeán nó na físeáin a sholáthar iad féin nó trí mheán na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne a thugann nascleanúint chuig an ní sonrach nó na nithe sonracha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, nó trí mheán aon ionadaíocht eile lena bhféadtar an ní nó na nithe i gceist a shainaithint gan amhras.	(38) Chun éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú cheart an íospartaigh chun faisnéise agus chun cúnaimh agus tacaíochta maidir le baint anuas nó díchumasú rochtana, ba cheart cead a thabhairt d'íospartaigh an ní nó na nithe ábhartha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhfuil faisnéis ina leith nó baint anuas nó díchumasú rochtana á lorg acu a chur in iúl, trí mheán an íomhá, na híomhánna, an físeán nó na físeáin a sholáthar iad féin nó trí mheán na ***hAitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne a thugann nascleanúint chuig an ní sonrach nó na nithe sonracha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, nó trí mheán aon ionadaíocht eile lena bhféadtar an ní nó na nithe i gceist a shainaithint gan amhras.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Chun cumarsáid réidh agus éifeachtúil trí mhodh leictreonach a éascú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trína admháil go bhfuarthas an chumarsáid sin, cumarsáid a bhaineann le hábhair a	(40) Chun cumarsáid réidh agus éifeachtúil trí mhodh leictreonach a éascú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trína admháil go bhfuarthas an chumarsáid sin, cumarsáid a bhaineann le hábhair a

chumhdaítear leis an Rialachán sin, ba cheart go n-éileofaí ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe teagmhála aonair a ainmniú agus faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir leis an bpointe teagmhála sin, lena n-áirítear na teangacha atá le húsáid sa chumarsáid sin. I gcodarsnacht le hionadaí dlí an tsoláthraí, ba cheart an pointe teagmhála a fhreastal ar chuspóirí oibríochtúla agus ní gá go mbeadh láthair fhisiciúil aige. Ba cheart coinníollacha oiriúnacha a leagan amach i ndáil leis na teangacha cumarsáide le sonrú, lena áirithiú nach mbeidh cumarsáid réidh casta go míréasúnta. I gcás soláthraithe atá faoi réir na hoibleagáide maidir le feidhm chomhlíonta a bhunú agus oifigigh chomhlíontachta a ainmniú i gcomhréir le Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***, féadtar duine de na hoifigigh chomhlíontachta sin a ainmniú mar an pointe teagmhála faoin Rialachán sin, chun cur chun feidhme comhleanúnach na n-oibleagáidí a eascraíonn as an dá chreat a éascú.

chumhdaítear leis an Rialachán sin, ba cheart go n-éileofaí ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe teagmhála aonair a ainmniú agus faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir leis an bpointe teagmhála sin, lena n-áirítear na teangacha atá le húsáid sa chumarsáid sin. I gcodarsnacht le hionadaí dlí an tsoláthraí, ba cheart an pointe teagmhála a fhreastal ar chuspóirí oibríochtúla agus ní gá go mbeadh láthair fhisiciúil aige. Ba cheart coinníollacha oiriúnacha a leagan amach i ndáil leis na teangacha cumarsáide le sonrú, lena áirithiú nach mbeidh cumarsáid réidh casta go míréasúnta. I gcás soláthraithe atá faoi réir na hoibleagáide maidir le feidhm chomhlíonta a bhunú agus oifigigh chomhlíontachta a ainmniú i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2022/2065***, féadfar duine de na hoifigigh chomhlíontachta sin a ainmniú mar an pointe teagmhála faoin Rialachán sin, chun cur chun feidhme comhleanúnach na n-oibleagáidí a eascraíonn ón dá chreat a éascú.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) I gcás inarb ábhartha agus caoithiúil, faoi réir ag rogha an tsoláthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus ag an ngá leis na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme a chomhlíonadh i ndáil leis sin, ba cheart go mbeadh sé indéanta do na soláthraithe sin pointe teagmhála amháin agus ionadaí dlíthiúil amháin a ainmniú chun críocha Rialachán (AE) ***…/… [maidir***	(42) I gcás inarb ábhartha agus áisiúil, faoi réir rogha sholáthraí sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus an ghá na ceanglais dlí is infheidhme a chomhlíonadh ina leith sin, ba cheart do na soláthraithe sin a bheith in ann pointe teagmhála aonair agus ionadaí dlíthiúil aonair a ainmniú chun críocha Rialachán (AE) ***2022/2065***

le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE] agus chun críocha an Rialacháin sin.	agus chun críocha an Rialacháin sin.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) I bhfianaise an ghá le héifeachtacht na n-oibleagáidí arna bhforchur a áirithiú, ba cheart cumhachtaí forfheidhmithe a dheonú ar Údaráis Chomhordúcháin chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar an Rialachán sin. Ba cheart go n-áireofaí leis na cumhachtaí sin, an chumhacht chun rochtain úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú a shrianadh go sealadach nó, sa chás nach indéanta sin go teicniúil agus sa chás sin amháin, rochtain ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí ar a ndéantar an sárú a shrianadh go sealadach. I bhfianaise an ardleibhéil cur isteach ar chearta na soláthraithe seirbhíse a bhaineann leis an gcumhacht sin, níor cheart an chumhacht sin a fheidhmiú ach amháin nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe. Ba cheart go n-áireofaí leis na coinníollacha sin an coinníoll go dtarlaíonn éascú tráthrialta agus struchtúrach ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí mar thoradh ar an sárú, agus ba cheart é sin a thuiscint mar thagairt do chás inar léir ón bhfianaise go léir atá ar fáil gur tharla an t-éascú sin ar scála mór agus thar thréimhse fhada ama.	(48) I bhfianaise an ghá le héifeachtacht na n-oibleagáidí arna bhforchur a áirithiú, ba cheart cumhachtaí forfheidhmithe a dheonú ar Údaráis Chomhordúcháin chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar an Rialachán sin. Ba cheart go n-áireofaí leis na cumhachtaí sin, ***an chumhacht chun údarás breithiúnach inniúil nó údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit a d'ainmnigh iad*** a iarraidh an chumhacht chun rochtain úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú a shrianadh go sealadach nó, sa chás nach indéanta sin go teicniúil agus sa chás sin amháin, rochtain ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí ar a ndéantar an sárú a shrianadh go sealadach. I bhfianaise an ardleibhéil cur isteach ar chearta ***na n-úsáideoirí agus*** na soláthraithe seirbhíse a bhaineann leis an gcumhacht sin, níor cheart an chumhacht sin a fheidhmiú ach amháin nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe. Ba cheart go n-áireofaí leis na coinníollacha sin an coinníoll go dtarlaíonn éascú tráthrialta agus struchtúrach ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí mar thoradh ar an sárú, agus ba cheart é sin a thuiscint mar thagairt do chás inar léir ón bhfianaise go léir atá ar fáil gur tharla an t-éascú sin ar scála mór agus thar thréimhse fhada ama.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Chun a fhíorú go gcomhlíontar rialacha an Rialacháin sin go héifeachtach agus go praiticiúil, go háirithe na rialacha maidir le bearta maolaithe agus maidir le feidhmiú orduithe braite, orduithe baint anuas ***nó orduithe*** blocála arna n-eisiúint ag na hÚdaráis Chomhordúcháin, ba cheart go mbeadh gach Údarás Comhordúcháin in ann cuardaigh a dhéanamh, agus na táscairí ábhartha arna soláthar ag Lárionad an Aontais á n-úsáid, chun scaipeadh ábhar aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí trí ábhar atá ar fáil go poiblí i seirbhísí óstála na soláthraithe lena mbaineann a bhrath.	(49) Chun a fhíorú go gcomhlíontar rialacha an Rialacháin sin go héifeachtach agus go praiticiúil, go háirithe na rialacha maidir le bearta maolaithe agus maidir le feidhmiú orduithe braite ***saorálacha***, orduithe ***braite,*** orduithe bainte anuas***,*** orduithe blocála ***nó díliostála*** arna n-eisiúint ag na hÚdaráis Chomhordúcháin, ba cheart go mbeadh gach Údarás Comhordúcháin in ann cuardaigh a dhéanamh, agus na táscairí ábhartha arna soláthar ag Lárionad an Aontais á n-úsáid, chun scaipeadh ábhar aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí trí ábhar atá ar fáil go poiblí i seirbhísí óstála na soláthraithe lena mbaineann a bhrath.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 53

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(53) Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit, maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán sin gurb ann do phionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, ag tabhairt san áireamh cineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, i bhfianaise an leasa phoiblí arna shaothrú, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, chomh maith le hacmhainn eacnamaíoch sholáthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise lena mbaineann.	(53) Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit, maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán sin gurb ann do phionóis ***a d'fhéadfadh a bheith de chineál riaracháin nó pionósach, agus, i gcás inarb iomchuí, treoirlínte fíneála*** atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, ag tabhairt san áireamh cineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, i bhfianaise an leasa phoiblí arna

	shaothrú, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, chomh maith le hacmhainn eacnamaíoch sholáthraí seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise lena mbaineann. ***Ba cheart pionóis thar a bheith dian a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise i gcás ina mainníonn na soláthraithe seirbhíse sin, go córasach nó go leanúnach, na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán sin a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach spreagfaidh na pionóis sin an iomarca tuairiscithe nó baint ábhair nach ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí é.***
	Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 64

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(64) I bhfianaise íogaireacht na sonraí lena mbaineann agus d'fhonn aon earráid nó mí-úsáid fhéideartha a sheachaint, is gá rialacha dochta a leagan síos maidir le rochtain ar na bunachair sonraí sin de tháscairí agus ar bhunachair sonraí de thuairiscí, maidir leis na sonraí iontu agus maidir lena slándáil. Go háirithe, níor cheart na sonraí lena mbaineann a stóráil níos faide ná mar a bhfuil fíorghá leis. Ar na cúiseanna thuas, níor cheart rochtain ar an mbunachar sonraí de tháscairí a thabhairt ach do na páirtithe agus chun na gcríoch sin a shonraítear sa Rialachán sin, faoi réir rialuithe Lárionad an Aontais, agus ba cheart rochtain a bheith teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na gcríoch sin.	(64) I bhfianaise íogaireacht na sonraí lena mbaineann agus d'fhonn aon earráid nó mí-úsáid fhéideartha a sheachaint, is gá rialacha dochta a leagan síos maidir le rochtain ar na bunachair sonraí sin de tháscairí agus ar bhunachair sonraí de thuairiscí, maidir leis na sonraí iontu agus maidir lena slándáil. Go háirithe, níor cheart na sonraí lena mbaineann a stóráil níos faide ná mar a bhfuil fíorghá leis. Ar na cúiseanna thuas, níor cheart rochtain ar an mbunachar sonraí de tháscairí a thabhairt ach ***arna iarraidh*** sin do na páirtithe agus chun na gcríoch sin a shonraítear sa Rialachán sin, faoi réir rialuithe Lárionad an Aontais, agus ba cheart rochtain a bheith teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na gcríoch sin.
	Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 65

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(65) Chun tuairisciú earráideach mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne faoin Rialachán sin a sheachaint agus chun deis a thabhairt d'údaráis um fhorfheidhmiú an dlí díriú ar a bpríomh-chúraimí imscrúdaithe, ba cheart go rachadh tuairiscí trí Lárionad an Aontais***. Ba cheart do Lárionad an Aontais measúnú a dhéanamh*** ar na tuairiscí sin ***chun na cinn atá go follasach gan bhunús a shainaithint, is é sin***, i gcás inar soiléir láithreach, gan aon anailís shubstainteach dhlíthiúil nó fhíorasach a dhéanamh, nach mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne atá sna gníomhaíochtaí a tuairiscíodh. ***I gcás ina bhfuil an tuairisc go follasach gan bhunús***, ba cheart do Lárionad an Aontais aiseolas a thabhairt don soláthraí seirbhísí óstála nó don soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí a thug an tuairisc, chun deis a thabhairt feabhsúcháin a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí agus ar na próisis a úsáidtear, agus céimeanna eile, amhail ábhar a baineadh anuas go mícheart a chur ar ais. ***Ó*** tharla go ***bhféadfadh*** gach tuairisc a bheith ina modh tábhachtach chun na cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus chun íospartach na mí-úsáide a thabhairt slán***, ba cheart tuairiscí a phróiseáil chomh tapa agus is féidir.***	(65) Chun tuairisciú earráideach mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne faoin Rialachán sin a sheachaint agus chun deis a thabhairt d'údaráis um fhorfheidhmiú an dlí díriú ar a bpríomh-chúraimí imscrúdaithe, ba cheart go rachadh tuairiscí trí Lárionad an Aontais ***agus ba cheart na tuairiscí sin a mheasúnú go tráthúil chun a áirithiú go ndéanfar cinneadh maidir le hábharthacht choiriúil an ábhair thuairiscithe chomh luath agus is féidir agus chun coinneáil sonraí neamhábhartha a theorannú a mhéid is féidir. Measfar tuairiscí a bheith*** go follasach gan bhunús, i gcás inar léir láithreach, gan aon anailís shubstainteach dhlíthiúil nó fhíorasach, nach ionann na gníomhaíochtaí a tuairiscíodh agus mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. ***Sna cásanna sin***, ba cheart do Lárionad an Aontais aiseolas a thabhairt don soláthraí seirbhísí óstála nó don soláthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá ar fáil go poiblí a thug an tuairisc, chun deis a thabhairt feabhsúcháin a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí agus ar na próisis a úsáidtear, agus céimeanna eile, amhail ábhar a baineadh anuas go mícheart a chur ar ais. ***I gcás ina measann Lárionad AE nach follasach go bhfuil tuairisc gan bhunús, ba cheart dó an tuairisc a chur ar aghaidh chuig údarás inniúil forfheidhmithe dlí nó údaráis inniúla an Bhallstáit ar dócha go mbeidh dlínse aige chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a d'fhéadfadh a bheith ann lena mbaineann an tuairisc a imscrúdú nó a ionchúiseamh nó chuig Europol sna cásanna sin nach féidir an t-údarás inniúil forfheidhmithe dlí sin nó na húdaráis inniúla***

forfheidhmithe dlí sin a chinneadh le deimhneacht leordhóthanach. Fiú i gcásanna inar sainaithníodh an t-údarás inniúil náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart do Lárionad an Aontais Eorpaigh na tuairiscí uile nach bhfuil bunús leo go follasach a chur ar aghaidh chuig Europol, i gcomhréir le dlí an Aontais, lena gcinntear an chríoch nó na críocha dá bhfuil sé le próiseáil ag Europol chomh maith leis na coinníollacha a bhaineann leis an bpróiseáil sin. Chomh fada agus a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó Bhallstát go chéile cad is tuairisc inghníomhaithe ann, mar gheall ar reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla, d'fhéadfadh gach tuairisc ***feidhmiú mar*** mhodh tábhachtach chun na cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí lena mbaineann a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus chun íospartach na mí-úsáide a tharrtháil***.***

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 68

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(68) Is gá sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil agus a stóráil chun cúraimí Lárionad an Aontais a fheidhmiú faoin Rialachán sin. Chun a áirithiú go gcosnófar na sonraí pearsanta sin go leormhaith, níor cheart do Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a phróiseáil agus a stóráil ach amháin i gcás a mbeadh fíor-ghá leis sin chun na gcríoch a mhionsonraítear sa Rialachán sin. Ba cheart dó sin a dhéanamh ar bhealach slán agus ba cheart dó stóráil a theorannú chuig an méid a bhfuil fíor-ghá leis chun na cúraimí ábhartha a fheidhmiú.	(68) Is gá sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil agus a stóráil chun cúraimí Lárionad an Aontais a fheidhmiú faoin Rialachán sin. Chun a áirithiú go gcosnófar na sonraí pearsanta sin go leormhaith, níor cheart do Lárionad an Aontais sonraí pearsanta a phróiseáil agus a stóráil ach amháin i gcás a mbeadh fíor-ghá leis sin chun na gcríoch a mhionsonraítear sa Rialachán sin. Ba cheart dó é sin a dhéanamh ar bhealach slán ***maoirsithe*** agus stóráil a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun na cúraimí ábhartha a dhéanamh ***agus ar feadh uastréimhse***

coinneála 24 mhí.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 70

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(70) Leis an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas le fada an lá do INHOPE agus dá bheolínte is comhaltaí, aithnítear go bhfuil beolínte sa líne thosaigh sa chomhrac in aghaidh mhí-úsáid ghnéasach leanaí. Ba cheart do Lárionad an Aontais leas a bhaint as an líonra beolínte agus a mholadh ***go n-oibreoidís le chéile*** go héifeachtach leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus le húdaráis um fhorfheidhmiú an dlí de chuid na mBallstát. Is ionann saineolas agus taithí na mbeolínte agus foinse thar a bheith luachmhar d'fhaisnéis faoi bhagairtí comhchoiteanna agus réitigh chomhchoiteanna a shainaithint go luath, chomh maith le faisnéis faoi dhifríochtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar fud an Aontais.	(70) Leis an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas le fada an lá do INHOPE agus dá bheolínte is comhaltaí, aithnítear go bhfuil beolínte sa líne thosaigh sa chomhrac in aghaidh mhí-úsáid ghnéasach leanaí. Ba cheart do Lárionad AE líonra na mbeolínte a ghiaráil***, meabhráin tuisceana leo a thabhairt i gcrích, nuair is gá,*** agus a spreagadh go ***gcomhoibreoidh siad agus go gcomhordóidh siad*** go héifeachtach leis na hÚdaráis Chomhordaithe, le soláthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise agus le húdaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát. Is ionann saineolas agus taithí na mbeolínte agus foinse thar a bheith luachmhar d'fhaisnéis faoi bhagairtí comhchoiteanna agus réitigh chomhchoiteanna a shainaithint go luath, chomh maith le faisnéis faoi dhifríochtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar fud an Aontais.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 71

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(71) I bhfianaise shainchúram Europol agus na taithí atá aige ar údaráis náisiúnta inniúla a shainaithint i gcásanna míshoiléire, agus a bhunachar sonraí	(71) I bhfianaise shainchúram Europol agus na taithí atá aige ar údaráis náisiúnta inniúla a shainaithint i gcásanna míshoiléire, agus a bhunachar sonraí

d'fhaisnéis choiriúil atá in ann rannchuidiú le naisc chuig imscrúduithe i mBallstáit eile a shainaithint, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i ndlúthchomhar leis, go háirithe chun sainaithint ghasta údarás náisiúnta inniúla um fhorfheidhmiú an dlí a áirithiú i gcásanna míshoiléire nó i gcásanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin.

d'fhaisnéis choiriúil atá in ann rannchuidiú le naisc chuig imscrúduithe i mBallstáit eile a shainaithint, ba cheart do Lárionad an Aontais oibriú i ndlúthchomhar leis, go háirithe chun sainaithint ghasta údarás náisiúnta inniúla um fhorfheidhmiú an dlí a áirithiú i gcásanna míshoiléire nó i gcásanna a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin. ***Ba cheart do Lárionad AE, cé gur eintiteas neamhspleách é, éifeachtúlacht a uasmhéadú trí fheidhmeanna tacaíochta a chomhroinnt, i gcás inar féidir, le Europol agus le seirbhísí teicneolaíochta faisnéise (TF).***

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 72

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(72) ***I bhfianaise an ghá do*** Lárionad an Aontais ***dianchomhar a dhéanamh le Europol, ba cheart ceanncheathrú Lárionad an Aontais a lonnú in aice le ceanncheathrú Europol, atá suite sa Háig, an Ísiltír. Tairbhíonn cineál rí-íogair na dtuarascálacha a chomhroinneann Lárionad an Aontais le Europol agus na ceanglais theicniúla araon, amhail maidir le naisc sonraí shlána, de shuíomh comhroinnte*** idir Lárionad an Aontais agus ***Europol. Chuirfeadh sé ar chumas*** do Lárionad an Aontais freisin***, cé gur eintiteas neamhspleách atá ann, bheith ag brath*** ar ***sheirbhísí tacaíochta Europol, go háirithe na seirbhísí sin a bhaineann le bainistíocht acmhainní daonna, teicneolaíocht na faisnéise (TF), lena n-áirítear an chibearshlándáil, an foirgneamh agus an chumarsáid. Is bealach níos costéifeachtaí é na seirbhísí***	(72) ***Ba cheart na socruithe maidir le suíomh an Lárionaid a leagan síos i gcomhaontú*** ceanncheathrún idir an Lárionad agus ***an Ballstát aíochta. Ba cheart go sonrófaí sa chomhaontú sin na coinníollacha chun an suíomh a bhunú agus na buntáistí a chuirfidh an Ballstát ar fáil don*** Lárionad AE ***agus dá fhoireann. I gcomhréir le pointe 9 de Chur Chuige Coiteann an 19 Iúil 2012*** maidir le ***suíomhanna gníomhaireachtaí díláraithe, ba cheart do Lárionad an AE comhaontú ceanncheathrún a thabhairt i gcrích go tráthúil leis an mBallstát óstach sula gcuirfear tús lena chéim oibríochtúil. I bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, ba cheart an suíomh a roghnú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus ba cheart go gcomhlíonfadh sé na critéir a leagtar síos sa Rialachán sin***.

tacaíochta sin a chomhroinnt, agus seirbhís níos gairmiúla a áirithiú seachas iad a dhúbláil trína gcruthú an athuair.

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 74 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(74a) Ceann de chrann taca an Rialacháin sin is ea cúnamh agus tacaíocht d'íospartaigh mí-úsáide gnéasaí leanaí. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais aonair na n-íospartach agus chun aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr, tá sé ríthábhachtach fóram a chruthú ina dtugtar éisteacht d'eagraíochtaí íospartach agus inar féidir le Lárionad AE foghlaim óna dtaithí, óna saineolas agus óna n-eolas. Beidh ról lárnach ag Fóram Comhchomhairleach na nÍospartach maidir le comhairle a chur ar Lárionad AE ina chur chuige maidir le gach saincheist a bhaineann le híospartaigh.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 84

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(84) Chuathas i gcomhairle leis An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] agus thug	(84) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] agus thug

siad tuairim chomhpháirteach an ***[…]***.	siad a ***gcomhtuairim*** an ***28 Iúil 2022***.
_____	_____
[48]Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir leis an tsaorghluaiseacht sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39-98).	[48]Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir leis an tsaorghluaiseacht sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39-98).

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) oibleagáidí ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne agus ar aon chórais intleachta saorga eile míreanna sonracha mí-úsáide gnéasaí leanaí a dhíliostú nó a dhíchumasú, nó an dá rud;

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Treoir 2000/31/CE agus Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***;	(b) Treoir 2000/31/CE agus Rialachán (AE) ***2022/2065***;

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 3 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) Rialachán (AE) .../... maidir leis an Intleacht Shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga).

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ciallaíonn 'seirbhís óstála' seirbhís na sochaí faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal ***2***, pointe ***(f)***, an tríú heang, de Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***;	(a) ciallaíonn 'seirbhís óstála' seirbhís de chuid na sochaí faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal ***3***, pointe ***(g)***, an tríú fleasc, de Rialachán (AE) ***2022/2065***;

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ciallaíonn 'feidhmchlár bogearraí' táirge nó seirbhís dhigiteach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe ***13*** de Rialachán (AE) ***…/… [maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil***	(c) ciallaíonn 'feidhmchlár bogearraí' táirge nó seirbhís dhigiteach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe ***15***, de Rialachán (AE) ***2022/1925***;

dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha)];

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ciallaíonn ‘stóras feidhmchlár bogearraí’ seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe ***12***, de Rialachán (AE) ***…/…*** [maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha)];	(d) ciallaíonn ‘stóras feidhmchlár bogearraí’ seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe ***14***, de Rialachán (AE) ***2022/195*** [maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Ionstraim um Margaí Digiteacha)];

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) ciallaíonn “inneall cuardaigh ar líne” seirbhís idirghabhálacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (5) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(eb) ciallaíonn 'seirbhís idirghabhálacha' seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe e c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ec) ciallaíonn 'córas intleachta saorga' (córas IS) bogearraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE).../... maidir leis an Intleacht Shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga).

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe f – pointe iv a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iv a) inneall cuardaigh ar líne;

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe f – pointe iv b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iv b) córas intleachta saorga

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) ciallaíonn 'seirbhísí a chur ar fáil san Aontas' seirbhís a chur ar fáil san Aontas mar a shainmhínítear in Airteagal ***2***, pointe (d), de Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***;	(g) ciallaíonn 'seirbhísí a thairiscint san Aontas' seirbhísí a thairiscint san Aontas mar a shainmhínítear in Airteagal ***3***, pointe (d), de Rialachán (AE) ***2022/2065***;

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) ciallaíonn 'úsáideoir is leanbh' aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a úsáideann seirbhís ábhartha na sochaí faisnéise agus atá ina dhuine nádúrtha faoi bhun 17 mbliana d'aois;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Is 'leanbh' é 'úsáideoir is leanbh' mar a shainmhínítear i bpointe (i) agus is "úsáideoir" é mar a shainmhínítear i bpointe (h) agus dá bhrí sin bheadh sé sin iomarcach.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(m) ciallaíonn ‘ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí’ ábhar a ***d’fhéadfadh*** a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhraitear trí úsáid a bhaint as na táscairí i mbunachar sonraí na dtáscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a);	(m) ciallaíonn ‘ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí’ ábhar a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhraitear trí úsáid a bhaint as na táscairí i mbunachar sonraí na dtáscairí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a);

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 –mír 1 – pointe q a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(qa) ciallaíonn “íospartach”:
	Daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas Eorpach agus a d’fhulaing cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí faoi bhun 18 mbliana d’aois. Chun críche cearta an íospartaigh a aithnítear sa Rialachán sin a fheidhmiú, measfar gur íospartaigh iad tuismitheoirí agus caomhnóirí.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe r

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(r) ciallaíonn ‘córas moltóra’ an córas mar a shainmhínítear in Airteagal ***2***,	(r) ciallaíonn ‘córas moltóra’ an córas mar a shainmhínítear in Airteagal ***3***, pointe

pointe ***(o)***, de Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***;	***(s)***, de Rialachán (AE) ***2022/2065***;

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe t

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(t) ciallaíonn ‘modhnóireacht ábhair’ na gníomhaíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal ***2***, pointe ***(p)***, de Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***;	(t) ciallaíonn ‘modhnú ábhhair’ na gníomhaíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal ***3***, pointe ***(t)***, de Rialachán (AE) ***2022/2065***;

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(v) ciallaíonn ‘téarmaí agus coinníollacha’ téarmaí agus coinníollacha mar a shainmhínítear in Airteagal ***2***, pointe ***(q)***, de Rialachán (AE) ***…/… [maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***;	(v) ciallaíonn ‘téarmaí agus coinníollacha’ na téarmaí agus coinníollacha mar a shainmhínítear in Airteagal ***3***, pointe ***(u)***, de Rialachán (AE) ***2022/2065***;

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe w a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(wa) ciallaíonn 'meiteashonraí' sonraí a phróiseáiltear chun sonraí ábhair a tharchur, a dháileadh nó a mhalartú; lena n-áirítear sonraí a úsáidtear chun foinse agus ceann scríbe cumarsáide a rianú agus a shainaithint, chomh maith le sonraí faoin suíomh geografach agus dáta, am, fad agus cineál na cumarsáide;

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe w b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(wb) ciallaíonn 'beolíne' eagraíocht atá aitheanta go hoifigiúil ag a Ballstát bunaíochta a sholáthraíonn sásra, seachas na bealaí tuairiscithe a sholáthraíonn údaráis forfheidhmithe dlí, chun gearáin anaithnide a fháil ó íospartaigh agus ón bpobal maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a líomhnaítear a bheith ann.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Soláthraithe na seirbhísí óstála agus	1. Soláthraithe na seirbhísí óstála agus

soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, i gcás gach seirbhíse sin a chuireann siad ar fáil, sainaithneoidh siad, agus déanfaidh siad anailís agus measúnú ar riosca úsáide na seirbhíse chun críche na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne.	soláthraithe na seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, i gcás gach seirbhíse sin a chuireann siad ar fáil, sainaithneoidh siad, agus déanfaidh siad anailís agus measúnú ar riosca úsáide na seirbhíse chun críche na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne. ***Chuige sin, féadfaidh soláthraithe atá faoi réir oibleagáid measúnú riosca a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065 tarraingt ar an measúnú riosca sin agus é a chomhlánú le measúnú níos sonraí ar na rioscaí a bhaineann le húsáid a seirbhísí chun críche mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne.***
	Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – fleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear ***fíorú*** aoise;	— feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear ***dearbhú aoise agus scóráil aoise, gan dochar do shásraí eile lena gcumasaítear fíorú aoise, agus aird ar leith á tabhairt ar thionchar na mbeart sin ar chearta bunúsacha***;
	Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – fleasc 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— feidhmiúlachtaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí an mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chur in iúl don soláthraí trí uirlisí atá inrochtana go héasca agus oiriúnach ó thaobh aoise de;	— feidhmiúlachtaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí an mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chur in iúl don soláthraí ***nó fógra a thabhairt*** ina leith trí uirlisí atá inrochtana go héasca agus

oiriúnach ó thaobh aoise de***, lena n-áirítear bealaí tuairiscithe anaithnide atá ar fáil cheana féin mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/1937;***

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – fleasc 4a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	— feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear rialuithe tuismitheora atá oiriúnach ó thaobh aoise de;

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – fleasc 4b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	— feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear féin-tuairisciú.

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) an cumas, ag féachaint don úrscothacht, déileáil go fóinteach le tuairiscí agus fógraí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar bhealach tráthúil;

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) an bealach ina n-úsáideann úsáideoirí an tseirbhís agus tionchar an mhéid sin ar an riosca sin;	(c) an bealach ina n-úsáideann úsáideoirí an tseirbhís agus an tionchar ***diúltach*** a bheidh aige ar an riosca sin;

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) an bealach inar dhear an soláthraí an tseirbhís agus ina n-oibríonn sé í, lena n-áirítear an tsamhail ghnó, rialachas agus próisis agus córais ábhartha, agus tionchar na nithe sin ar an riosca sin;	(d) an bealach inar dhear an solathraí an tseirbhís agus ina n-oibríonn sé í, lena n-áirítear an tsamhail ghnó, rialachas***, an cineál úsáideoirí a bhfuiltear ag díriú orthu,*** agus córais agus próisis ábhartha, agus an tionchar ***diúltach*** atá aige sin ar an riosca sin;

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) a mhéid atá an tseirbhís á húsáid nó is dócha a bheidh sí á húsáid ag leanaí;	(i) a mhéid atá an tseirbhís á húsáid nó is dócha a bheidh sí á húsáid ag leanaí ***agus a mhéid atá an tseirbhís ag díriú ar úsáideoirí leanaí***;

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe iii – fleasc 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	— ***teagmháil gan iarraidh a chumasú d'úsáideoirí agus, go háirithe, d'úsáideoirí fásta dul i dteagmháil le húsáideoirí anaithnide leanaí agus nascadh leo;***

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe iii – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— a chur ar chuumas d'úsáideoirí teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí eile go díreach, go háirithe tríd an gcumarsáid phríobháideach;	— a chur ar chumas úsáideoirí teagmháil a dhéanamh go díreach le húsáideoirí eile, go háirithe ***maidir le seirbhísí a dhíríonn go díreach ar úsáideoirí leanaí nó*** trí chumarsáid phríobháideach;

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe iii – fleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ***íomhánna nó físeáin*** a chomhroinnt le húsáideoirí eile, go háirithe tríd an	— a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ***ábhar*** a chomhroinnt le húsáideoirí eile, go háirithe tríd an gcumarsáid phríobháideach.

gcumarsáid phríobháideach.

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) aon fheidhmiúlachtaí eile.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfaidh an soláthraí, i gcás inarb infheidhme, measúnú, i roinn ar leith dá mheasúnú riosca, ar úsáid dheonach teicneolaíochtaí sonracha chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil a mhéid is fíorghá chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint dá sheirbhísí.

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an soláthraí iarraidh ar Lárionad an Aontais ***anailís a dhéanamh ar shamplaí sonraí ionadaíocha***	Féadfaidh an soláthraí iarraidh ar Lárionad AE ***tástáil a dhéanamh*** ar shamplaí sonraí ***a chuirfear ar fáil do Lárionad AE*** chun

anaithnidithe chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a d'fhéadfadh a bheith ar líne a shainaithint, chun tacú leis an measúnú riosca.

tacú leis an measúnú riosca.

Ní dhíolmhóidh an iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír ná aon anailís ina dhiaidh sin a fhéadfaidh Lárionad AE a dhéanamh fúithi an soláthraí óna oibleagáid an measúnú riosca a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 den Airteagal sin ná aon oibleagáid eile a leagtar amach sa Rialachán sin a chomhlíonadh.

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is é an soláthraí iarrthach a iompróidh na costais a thabhaíonn Lárionad an Aontais as an anailís sin a dhéanamh. Mar sin féin, ***iompróidh*** Lárionad an Aontais, na costais sin i gcás ina bhfuil an soláthraí ina mhicrifhiontar, ina fhiontar beag nó meánmhéide, ar choinníoll ina bhfuil gá réasúnta leis an iarraidh chun tacú leis an measúnú riosca.	Is é an soláthraí iarrthach a iompróidh na costais a thabhaíonn Lárionad an Aontais as an anailís sin a dhéanamh. Mar sin féin, ***féadfaidh*** Lárionad an Aontais na costais sin a iompar i gcás ina bhfuil an soláthraí ina mhicrifhiontar, ina fhiontar beag nó meánmhéide, ar choinníoll ina bhfuil gá réasúnta leis an iarraidh chun tacú leis an measúnú riosca.

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 4 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) i gcás seirbhís atá faoi réir ordú braite a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 7, nuashonróidh an soláthraí an measúnú	(a) i gcás seirbhís atá faoi réir ordú braite a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 7, nuashonróidh an soláthraí an measúnú

riosca ar a dhéanaí ***2*** mhí roimh dháta éaga thréimhse chur i bhfeidhm an ordaithe braite;	riosca ar a dhéanaí ***4*** mhí roimh dháta éaga thréimhse chur i bhfeidhm an ordaithe braite;

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Déanfaidh*** soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta bearta maolaithe réasúnta, a bheidh saincheaptha don riosca a shainaithnítear de bhun Airteagal 3, chun an riosca sin ***a íoslaghdú***. Áireofar leis na bearta sin roinnt de na nithe a leanas nó na nithe sin uile:	1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta bearta maolaithe réasúnta***, comhréireacha, spriocdhírithe agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm***, a bheidh saincheaptha ***dá seirbhísí agus*** don riosca arna shainaithint de bhun Airteagal 3, ***agus é mar aidhm an riosca sin a mhaolú***. Áireofar leis na bearta sin roinnt de na nithe a leanas nó na nithe sin uile:

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) córais modhnaithe nó moltóra an tsoláthraí, a phróisis cinnteoireachta, oibriú nó feidhmiúlachtaí na seirbhíse, nó ábhar nó forfheidhmiú a théarmaí agus coinníollacha a oiriúnú, trí bhearta teicniúla agus oibríochtúla iomchuí agus soláthar foirne a dhéanamh;	(a) córais mhodhnaithe ábhair nó córais mholtóra an tsoláthraí, a phróisis chinnteoireachta, oibríocht nó feidhmiúlachtaí na seirbhíse, nó ábhar nó forfheidhmiú a chuid téarmaí agus coinníollacha, a oiriúnú, trí bhearta teicniúla agus oibríochtúla agus foireann iomchuí***, lena n-áirítear luas, cáilíocht agus éifeachtacht na bhfógraí próiseála agus na dtuarascálacha a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus, i gcás inarb iomchuí, an t-ábhar ar tugadh***

fógra ina leith a bhaint anuas go gasta;

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) dearadh, gnéithe agus feidhmeanna a gcuid seirbhísí a oiriúnú chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála trí dhearadh agus mar réamhshocrú, go háirithe, do leanaí a áirithiú;

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ab) ag cumasú rialuithe tuismitheora atá oiriúnach ó thaobh aoise de;

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) an comhar a thionscnamh nó a choigeartú, i gcomhréir le dlí na hiomaíochta, le soláthraithe eile na seirbhísí óstála nó le soláthraithe na	(c) comhar a thionscnamh nó a choigeartú, i gcomhréir le dlí na hiomaíochta, le soláthraithe eile seirbhísí óstála nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide

seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, le húdaráis phoiblí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta nó, i gcás inarb infheidhme, le heintitis ar ar dámhadh stádas mar chomharthóirí iontaofa i gcomhréir le hAirteagal ***19*** de Rialachán (AE) ***…/…*** ***[maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE]***.	idirphearsanta, le húdaráis phoiblí, le ***beolínte,*** le heagraíochtaí na sochaí sibhialta nó, i gcás inarb infheidhme, le heintitis ar bronnadh stádas comharthóirí iontaofa orthu i gcomhréir le hAirteagal ***22*** de Rialachán ***2022/2065***.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) bearta múscailte feasachta a threisiú agus a gcomhéadan ar líne a oiriúnú le haghaidh faisnéis mhéadaithe d'úsáideoirí, lena n-áirítear faisnéis atá oiriúnach do leanaí agus atá dírithe ar an riosca a sainaithníodh;

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) ag cur ar a gcumas d'úsáideoirí an mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chur in iúl don soláthraí nó fógra a thabhairt ina leith trí uirlisí atá inrochtana go héasca agus oiriúnach ó thaobh aoise de, lena n-áirítear bealaí tuairiscithe anaithnide cheana féin mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/1937;

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cc) cumas sábháilte féinthuairiscithe a chumasú;

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cd) lena n-áirítear faisnéis maidir le rátáil aoise atá infheicthe go soiléir agus inaitheanta;

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ce) córais feasachta a fhorbairt chun úsáideoirí a chur ar an eolas faoi aon sárú a d'fhéadfadh a bheith ann ar an Rialachán sin;

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cf) aon bhearta eile a úsáid i gcomhréir leis an úrscothacht atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo atá oiriúnach chun an riosca sainaitheanta a mhaolú.

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) éifeachtach ó thaobh an riosca shainaitheanta a mhaolú;	(a) éifeachtach ó thaobh an riosca sainaitheanta a mhaolú***, agus saintréithe na seirbhíse a sholáthraítear agus an modh a úsáidtear an tseirbhís sin, á gcur san áireamh***;

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ina mbearta spriocdhírithe agus comhréireacha i ndáil leis an riosca sin, ag tabhairt san áireamh, go háirithe, ***tromchúis an riosca agus*** acmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí agus an líon úsáideoirí;	(b) ina mbearta spriocdhírithe agus comhréireacha i ndáil leis an riosca sin, ag tabhairt san áireamh, go háirithe, acmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí agus an líon úsáideoirí;

Or. en

Réasúnú

Is téarma dlí teibí agus doiléir é 'tromchúis'. Rinne na soláthraithe an riosca a mheasúnú agus a shainaithint cheana féin (measúnú riosca).

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a shainaithin riosca, de bhun an mheasúnaithe riosca a rinneadh nó a nuashonraíodh i gcomhréir le hAirteagal 3, a bhaineann le húsáid a seirbhísí chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí; déanfaidh siad na bearta is gá maidir le ***fíorú aoise agus measúnú aoise*** chun úsáideoirí is leanaí a shainaithint go hiontaofa maidir lena seirbhísí, rud a chuireann ar a gcumas na bearta maolaithe a dhéanamh.	3. Soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a shainaithin riosca, de bhun an mheasúnaithe riosca a rinneadh nó a nuashonraíodh i gcomhréir le hAirteagal 3, a bhaineann le húsáid a seirbhísí chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí; déanfaidh siad na bearta is gá maidir le ***dearbhú aoise*** chun úsáideoirí is leanaí a shainaithint go hiontaofa maidir lena seirbhísí, rud a chuireann ar a gcumas na bearta maolaithe a dhéanamh.

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Ar bhonn an mheasúnaithe riosca ar leithligh a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 3 (2a), féadfaidh soláthraithe a iarraidh ar an Údarás Comhordaithe bunaíochta dul ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 5ú bunaithe ar an ngá atá ann leanúint, mar chuid dá mbearta maolaithe, de theicneolaíochtaí sonracha a úsáid chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil a mhéid is fíorghá agus comhréireach chun an riosca go mbainfí mí-úsáid as a gcuid

seirbhísí chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a mhaolú.

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) aon bhearta maolaithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 4.	(b) aon bheart maolaithe arna ndéanamh ***agus arna n-iarraidh*** de bhun Airteagal 4.

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás inar gá maidir leis an measúnú sin, féadfaidh an tÚdarás Comhordúcháin ***a cheangal tuilleadh faisnéise a fháil ón soláthraí, laistigh de thréimhse ama réasúnta atá socraithe ag an Údarás Comhordúcháin sin. Ní bheidh an tréimhse ama sin níos faide ná 2 sheachtain.***	I gcás inar gá maidir leis an measúnú sin, féadfaidh an tÚdarás Comhordúcháin***:***

Or. en

Réasúnú

Airteagal 7.2 den togra a bhogadh anseo chun an comhairliúchán agus an malartú faisnéise a threisiú idir an soláthraí agus an t-údarás comhordúcháin sula ndéanfar aon chinneadh de bhun Airteagal 7.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) dul i mbun na gcomhairliúchán leis an soláthraí a mheasfaidh sé a bheith riachtanach chun a chinneadh ar comhlíonadh ceanglais Airteagal 3 agus Airteagal 4;

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) faisnéis bhreise agus soiléiriú breise a éileamh ar an soláthraí laistigh de thréimhse ama réasúnach arna leagan síos ag an Údarás Comhordaithe sin, ar tréimhse í nach faide ná dhá sheachtain;

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 – fomhír 1 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) iarraidh ar Lárionad AE, ar na húdaráis inniúla cosanta sonraí, ar údarás poiblí eile nó ar shaineolaithe nó eintitis ábhartha an fhaisnéis bhreise is gá a sholáthar.

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. I gcás ina gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 3 agus Airteagal 4, eiseoidh an tÚdarás Comhordaithe tuairim dhearfach a chuirfear san áireamh sula ndéanfar aon chinneadh de bhun Airteagal 7.

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Tarchuirfidh soláthraithe, nuair a tharchuireann siad tuairisc chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ***i gcomhréir le mír 1***, déanfaidh siad an tuairisc a tharchur chuig Lárionad an Aontais freisin.	5. Tarchuirfidh soláthraithe, nuair a tharchuireann siad tuairisc chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ***i gcomhréir le mír 1 nó faisnéis bhreise i gcomhréir le mír 3***, déanfaidh siad an tuairisc nó faisnéis bhreise ***nó faisnéis bhreise*** a tharchur chuig Lárionad an Aontais freisin.

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5a
	Orduithe braite saorálacha
	1. Tar éis an iarraidh sin a fháil ón soláthraí faoi Airteagal 4(4a), beidh sé de

chumhacht ag an Údarás Comhordaithe inniúil a iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó ar údarás riaracháin neamhspleách eile de chuid an Bhallstáit sin ordú a eisiúint lena n-údaraítear don soláthraí bearta maolaithe a choinneáil ar bun nó a chur chun feidhme arb é atá iontu teicneolaíochtaí sonracha a úsáid chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil a mhéid is fíorghá chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne ar a gcuid seirbhísí a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint.

2. Sula dtíolacfaidh sé an iarraidh, iarrfaidh an tÚdarás Comhordaithe tuairim an údaráis inniúil cosanta sonraí agus cuirfidh sé san áireamh í.

3. Agus an tuairim sin agus an measúnú arna thíolacadh ag an soláthraí faoi Airteagal 3(2a) á gcur san áireamh, beidh sé de chumhacht ag an Údarás Comhordaithe téarmaí an údaraithe don soláthraí chun bearta a dhéanamh a shonraítear in Airteagal 10 chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ar sheirbhís shonrach a mholadh d'údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó d'údarás riaracháin neamhspleách eile de chuid an Bhallstáit sin.

4. Déanfaidh an tÚdarás Comhordaithe cinneadh i dtaobh an leanfar ar aghaidh de réir mhír 3 tráth nach déanaí ná trí mhí ó iarraidh an tsoláthraí.

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) iarrachtaí réasúnta a dhéanamh measúnú a dhéanamh, i gcás inar féidir in éineacht le soláthraithe na bhfeidhmchlár bogearraí, cibé acu atá nó nach bhfuil gach seirbhís a thairgtear trí mheán na bhfeidhmchlár bogearraí a bhainistíonn siad ina riosca dá n-úsáid chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí;	***scriosta***

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí a chosc ó rochtain a dhéanamh ar fheidhmchláir bogearraí ar shainaithin siad riosca suntasach leo d'úsáid na seirbhíse lena mbaineann chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí***;***	(b) bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí a chosc ó rochtain a dhéanamh ar fheidhmchláir bogearraí ar shainaithin siad riosca suntasach leo d'úsáid na seirbhíse lena mbaineann chun sirtheoireacht a dhéanamh ar leanaí***nó i gcás:***

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b – pointe i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	i) gur chuir forbróir an fheidhmchláir bogearraí in iúl don siopa feidhmchláir bogearraí nach gceadaíonn a théarmaí agus a choinníollacha úsáide d'úsáideoirí leanaí,

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b – pointe ii (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ii) go bhfuil samhail rátaíochta aoise chuí i bhfeidhm ag an bhfeidhmchlár bogearraí, nó

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b – pointe ii (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	iii) D'iarr forbróir an fheidhmchláir bogearraí ar an siopa feidhmchlár bogearraí gan ligean d'úsáideoirí leanaí a chuid feidhmchlár bogearraí a íoslódáil.

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) na bearta is gá um ***fhíorú aoise agus measúnú aoise*** a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí dá seirbhísí a shainaithint go hiontaofa, ag cur ar a gcumas dóibh na bearta a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (b).	(c) na bearta is gá um ***dearbhú*** aoise a dhéanamh chun úsáideoirí is leanaí dá seirbhísí a shainaithint go hiontaofa, ag cur ar a gcumas dóibh na bearta a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (b).

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6a
	Seirbhísí criptithe agus próiseáil meiteashonraí
	1. Ní dhéanfar aon ní sa Rialachán sin a léirmhíniú mar ní lena gcuirtear toirmeasc nó lagú ar chriptiú ó cheann go ceann.
	2. Ar bhonn an mheasúnaithe riosca a cuireadh isteach agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn tuilleadh faisnéise, beidh sé de chumhacht ag an Údarás Comhordaithe iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó ar údarás riaracháin neamhspleách eile de chuid an Bhallstáit sin údarú a thabhairt do sholáthraí seirbhísí óstála nó do sholáthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta meiteashonraí a phróiseáil a mhéid is fíorghá agus comhréireach chun an riosca go mbainfí mí-úsáid as a gcuid seirbhísí chun críche mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a mhaolú.
	Agus measúnú á dhéanamh aige ar cheart próiseáil meiteashonraí a iarraidh, cuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin san áireamh aon chur isteach ar chearta maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí úsáideoirí na seirbhíse atá i gceist leis an bpróiseáil sin agus cinnfidh sé an mbeadh próiseáil meiteashonraí éifeachtach, sa chás sin, maidir le maolú a dhéanamh ar an riosca go n-úsáidfí an tseirbhís chun críche mí-úsáid ghnéasach leanaí, agus go bhfuil sí fíor-riachtanach agus comhréireach.

	3. Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, cuirfidh soláthraithe úsáideoirí ar an eolas faoin bpróiseáil sin ina dtéarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear faisnéis faoin bhféidearthacht gearáin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil próiseála sonraí a bhaineann leis an bpróiseáil ábhartha agus faoi na bealaí le haghaidh sásamh breithiúnach.
	Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh sé de chumhacht ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit sin ordú braite a eisiúint lena gceanglófar ar sholáthraí seirbhísí óstála nó ar sholáthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta faoi dhlínse an Bhallstáit sin na bearta a shonraítear in Airteagal 10 a dhéanamh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ar sheirbhís shonrach.	1. Beidh sé de chumhacht ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta***, i gcás nár comhlíonadh ceanglais Airteagail 3, 4, 5 nó 5a,*** iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit sin ordú braite a eisiúint lena gceanglófar ar sholáthraí seirbhísí óstála nó ar sholáthraí seirbhísí cumarsáide idirphearsanta faoi dhlínse an Bhallstáit sin na bearta a shonraítear in Airteagal 10 a dhéanamh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ar sheirbhís shonrach.
	Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta***, sula n-iarrann*** sé eisiúint ***ordaithe*** braite, ***na himscrúduithe agus na***	***Iarrfaidh*** Údarás Comhordúcháin na bunaíochta eisiúint ***an*** ordaithe braite, ***agus eiseoidh an t-údarás breithiúnach inniúil***

measúnuithe is gá chun cinneadh a dhéanamh cibé acu a comhlíonadh nó nár ***comhlíonadh coinníollacha mhír 4.***	***nó an t-údarás riaracháin neamhspleách an t-ordú braite i gcás ina measann sé go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:***

Or. en

Réasúnú

Ar mhaithe le soiléireacht, Airteagal 7.4 a bhogadh anseo agus pointe nua (b) a chur leis.

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) tá fianaise ann de riosca suntasach go n-úsáidfear an tseirbhís chun críche na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, de réir bhrí mhíreanna 5, 6 agus 7, de réir mar is infheidhme;

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) ní mheastar bearta maolaithe arna gcur i bhfeidhm ag an soláthraí a bheith éifeachtach agus comhréireach leis an riosca go mbainfí mí-úsáid as an tseirbhís atá á tairiscint nó go mainníonn an soláthraí seirbhíse an measúnú riosca, an maolú riosca nó na hoibleagáidí tuairiscithe riosca a leagtar amach sa Rialachán sin a dhéanamh.

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Is treise a bheidh na fáthanna leis an ordú braite a eisiúint ná na hiarmhairtí diúltacha ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh, ag féachaint go háirithe don ghá atá le cothromaíocht chóir a áirithiú idir cearta bunúsacha na bpáirtithe sin.

Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chuige sin, féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, a chur de cheangal ar an soláthraí an fhaisnéis is gá a chur isteach, sa bhreis ar an tuairisc agus ar an bhfaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus (3), faoi seach, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin sin, nó a iarraidh ar Lárionad an Aontais, ar údarás poiblí eile nó ar shaineolaithe nó eintitis ábhartha an fhaisnéis bhreise is gá a chur ar fáil.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Smaoineamh a áirítear in Airteagal 5.3

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina mbíonn Údarás Comhordúcháin na bunaíochta den réamhthuairim gur comhlíonadh coinníollacha mhír ***4***, déanfaidh sé na bearta a leanas:	I gcás ina mbíonn Údarás Comhordúcháin na bunaíochta den réamhthuairim gur comhlíonadh coinníollacha mhír ***2***, déanfaidh sé na bearta a leanas:

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás, ag féachaint do bharúlacha an tsoláthraí agus do thuairim Lárionad an Aontais, ina mbíonn an tÚdarás Comhordúcháin fós den tuairim gur comhlíonadh coinníollacha mhír ***4, cuirfidh sé an dréacht-iarraidh, arna coigeartú de réir mar is iomchuí, faoi bhráid an tsoláthraí an athuair. Sa chás sin***, déanfaidh an soláthraí gach ceann de na nithe seo a leanas, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin:	I gcás, ag féachaint do bharúlacha an tsoláthraí agus do thuairim Lárionad AE, ina mbíonn an tÚdarás Comhordaithe fós den tuairim ***gur comhlíonadh coinníollacha mhír 2,*** déanfaidh an soláthraí na nithe seo a leanas go léir, laistigh de thréimhse ama réasúnach arna socrú ag an Údarás Comhordaithe sin, ***ar tréimhse í nach faide ná ceithre seachtaine:***;

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) i gcás ina mbaineann an dréachtphlean cur chun feidhme le hordú	(b) i gcás ina mbaineann an dréachtphlean cur chun feidhme le hordú

braite atá beartaithe maidir le sirtheoireacht ar leanaí seachas athnuachan an ordaithe braite a eisíodh roimhe seo gan aon athrú substainteach air, measúnú tionchair um chosaint sonraí agus nós imeachta réamhchomhairliúcháin a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, i ndáil leis na bearta a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme;	braite atá beartaithe maidir le ***ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leana nó*** sirtheoireacht ar leanaí seachas athnuachan an ordaithe braite a eisíodh roimhe seo gan aon athrú substainteach air, measúnú tionchair um chosaint sonraí agus nós imeachta réamhchomhairliúcháin a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679, faoi seach, i ndáil leis na bearta a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme;

Or. en

Réasúnú

Tuairim Chomhpháirteach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí agus ó MECS 04/2022 (pointe 104)

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina mbíonn an tÚdarás Comhordúcháin fós den tuairim, ag féachaint do phlean cur chun feidhme an tsoláthraí agus do thuairim an údaráis cosanta sonraí, gur comhlíonadh coinníollacha mhír ***4***, cuirfidh sé an iarraidh ar eisiúint an bhraite, arna coigeartú i gcás inarb iomchuí, faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách. Ceanglóidh sé plean cur chun feidhme an tsoláthraí agus tuairimí Lárionad an Aontais agus an údaráis cosanta sonraí leis an iarraidh sin.	I gcás ina mbíonn an tÚdarás Comhordúcháin fós den tuairim, ag féachaint do phlean cur chun feidhme an tsoláthraí agus do thuairim an údaráis cosanta sonraí, gur comhlíonadh coinníollacha mhír ***2***, cuirfidh sé an iarraidh ar eisiúint an bhraite, arna coigeartú i gcás inarb iomchuí, faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách. Ceanglóidh sé plean cur chun feidhme an tsoláthraí agus tuairimí Lárionad an Aontais agus an údaráis cosanta sonraí leis an iarraidh sin.

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Iarrfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta eisiúint an ordaithe braite, agus eiseoidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách an t-ordú braite i gcás ina measann sé go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:	***scriosta***
(a) tá fianaise ann de riosca suntasach go n-úsáidfear an tseirbhís chun críche na mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne, de réir bhrí mhíreanna 5, 6 agus 7, de réir mar is infheidhme;	
(b) is treise iad na fáthanna leis an ordú braite a eisiúint ná na hiarmhairtí diúltacha ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí a ndéantar difear dóibh, ag féachaint go háirithe don ghá atá le cothromaíocht chóir a áirithiú idir cearta bunúsacha na bpáirtithe sin.	

Or. en

Réasúnú

Aistrithe go hAirteagal 7.2.

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Nuair atá measúnú á dhéanamh ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha ***na chéad fhomhíre***, cuirfear san áireamh fíorais agus tosca ábhartha uile an cháis atá i gceist, go háirithe:	Nuair atá measúnú á dhéanamh ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha ***an dara fómhír***, cuirfear san áireamh fíorais agus tosca ábhartha uile an cháis atá i gceist, go háirithe:

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an measúnú riosca a dhéantar nó a nuashonraítear agus aon bheart maolaithe a dhéanann an soláthraí de bhun Airteagail 3 agus 4***, lena n-áirítear aon bheart maolaithe a thugtar isteach, a athbhreithnítear, a scoirtear nó a fhormhéadaítear de bhun Airteagal 5(4) i gcás inarb infheidhme***;	(a) an measúnú riosca a dhéantar nó a nuashonraítear agus aon bheart maolaithe a dhéanann an soláthraí de bhun Airteagail 3 agus 4;

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) aon fhaisnéis bhreise eile a fhaightear de bhun ***mhír 2 nó aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dó, go háirithe i dtaca le húsáid, dearadh agus oibriú na seirbhíse, i dtaca le hacmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí, agus i dtaca le méid an tsoláthraí, agus i dtaca leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar na bearta a dhéantar chun an t-ordú braite a fhorghníomhú le haghaidh gach páirtí eile a ndéantar difear dóibh***;	(b) aon fhaisnéis bhreise a fhaightear de bhun ***Airteagal 5(3) agus (4) i gcás inarb infheidhme***

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tuairimí Lárionad an Aontais agus an údaráis cosanta sonraí a chuirtear isteach i gcomhréir le mír 3.	(d) tuairimí Lárionad AE agus an údaráis cosanta sonraí arna gcur isteach i gcomhréir le mír 3 ***agus, i gcás inarb infheidhme, tuairim an Údaráis Comhordúcháin arna heisiúint i gcomhréir le hAirteagal 5(4a)***.

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
A mhéid a bhaineann leis an dara fomhír, pointe (d), i gcás ina n-imíonn an tÚdarás Comhordúcháin sin go substaintiúil ó thuairim Lárionad an Aontais, cuirfidh sé an méid sin in iúl do Lárionad an Aontais agus don Choimisiún, sonróidh sé na pointí ag ar imigh sé uaithi agus na príomhchúiseanna leis an imeacht.	I gcás ina ndiallan an tÚdarás Comhordaithe sin go substaintiúil ó thuairim Lárionad AE ***nó na n-údarás cosanta sonraí***, cuirfidh sé an Lárionad AE ***nó na húdaráis cosanta sonraí*** agus an Coimisiún ar an eolas faoi sin, agus sonróidh sé na pointí ag ar imigh sé agus na príomhchúiseanna leis an diall.

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. A mhéid a bhaineann le horduithe braite a bhaineann le hábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír ***4,***	5. A mhéid a bhaineann le horduithe braite a bhaineann le hábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír ***2*** a

an chéad fhomhír, pointe (a), a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***gur dócha,*** d'ainneoin ***aon*** bheart maolaithe ***a d'fhéadfadh*** an soláthraí a dhéanamh nó ***a fhéadfaidh sé a dhéanamh,*** go n-úsáidfear an tseirbhís, a mhéid atá suntasach, chun ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh;	(a) in ainneoin ***na*** mbeart maolaithe ***atá*** glactha ag an soláthraí, úsáidtear go forleathan iad chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí aitheanta a scaipeadh;

Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 6 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. A mhéid a bhaineann le horduithe braite a bhaineann le hábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír ***4, an chéad fhomhír, pointe (a),*** a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:	6. A mhéid a bhaineann le horduithe braite a bhaineann le hábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a scaipeadh, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír ***2*** a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

Or. en

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 7 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
A mhéid a bhaineann le horduithe braite a bhaineann le sirtheoireacht ar leanaí, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír ***4, an chéad fhomhír, pointe (a),*** a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:	A mhéid a bhaineann le horduithe braite a bhaineann le sirtheoireacht ar leanaí, measfar an riosca suntasach dá dtagraítear i mír ***2*** a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

Or. en

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 7 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh feidhm ag na horduithe braite a bhaineann le sirtheoireacht ar leanaí ach amháin maidir le cumarsáid idirphearsanta ***inar úsáideoir is leanbh é duine amháin de na húsáideoirí***.	Ní bheidh feidhm ag na horduithe braite a bhaineann le sirtheoireacht ar leanaí ach amháin maidir le cumarsáid idirphearsanta ***idir*** úsáideoir is leanbh é ***agus duine fasta***.

Or. en

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 8 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta nuair a iarrann sé eisiúint na n-orduithe braite, agus déanfaidh an t-údarás breithiúnach inniúil agus riaracháin neamhspleách nuair a eisíonn sé an t-ordú braite, í a spriocdhíriú agus a shonrú ar bhealach a bhfanfaidh na hiarmhairtí diúltacha dá dtagraítear i mír ***4, an chéad fhomhír, pointe (b),*** teoranta don mhéid a bhfuil dianghá leis chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca	Déanfaidh an tÚdarás Comhordaithe, agus é ag iarraidh go n-eiseofaí orduithe braite, agus an t-údarás breithiúnach nó neamhspleách riaracháin inniúil agus an t-ordú braite á eisiúint ***i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2065,*** spriocdhíriú air agus sonróidh sé é ar bhealach ina mbeidh na hiarmhairtí diúltacha dá dtagraítear i mír ***2*** teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach, ***inchosanta agus comhréireach*** chun aghaidh a

suntasach dá dtagraítear i bpointe (a) de sin.	thabhairt go héifeachtach ar an riosca suntasach dá dtagraítear i bpointe (a) de, ***agus an t-ordú braite a theorannú do chuid nó do chomhpháirt inaitheanta de sheirbhís, amhail bealach sonrach cumarsáide nó grúpa sonrach úsáideoirí arna sainaithint le sainiúlacht ar sainaithníodh an riosca suntasach ina leith.***
	Or. en

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 8 – fomhír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) i gcás ina bhfuil an riosca sin teoranta do pháirt nó comhpháirt inaitheanta de sheirbhís, nach gcuirtear na bearta is gá i bhfeidhm ach amháin i ndáil leis an bpáirt nó an chomhpháirt sin;	(a) i gcás ina bhfuil an riosca sin teoranta do pháirt nó comhpháirt inaitheanta de sheirbhís, nach gcuirtear na bearta is gá i bhfeidhm ach amháin ***in amhail cainéal cumarsáide ar leith nó grúpa sonrach úsáideoirí arna sainaithint le sainiúlacht ar sainaithníodh an riosca suntasach ina leith,*** i ndáil leis an bpáirt nó leis an gcomhpháirt sin;
	Or. en

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Nuair a éireoidh an t-ordú braite críochnaitheach, ***tarchuirfidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú braite, gan moill mhíchuí, cóip de sin chuig*** Údarás Comhordúcháin na bunaíochta. ***Tarchuirfidh Údarás***	Nuair a éireoidh an t-ordú braite críochnaitheach, cuirfidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú braite, gan moill mhíchuí, an tÚdarás Comhordúcháin ***ar an eolas faoi sin***. Cuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin na

Comhordúcháin na bunaíochta ansin, gan moill mhíchuí, cóip de sin chuig gach Údarás Comhordúcháin eile tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).	bunaíochta, gan moill mhíchuí, gach Údarás Comhordúcháin eile ***ar an eolas*** tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Or. en

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a fuair ordú braite, déanfaidh siad é a fhorghníomhú trí theicneolaíochtaí a shuiteáil agus a oibriú chun scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí, nó sirtheoireacht ar leanaí a bhrath, de réir mar is infheidhme, trí úsáid a bhaint as na táscairí comhfhreagracha arna soláthar ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 46.	1. Soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a fuair ordú braite, déanfaidh siad é a fhorghníomhú trí theicneolaíochtaí atá ***ar fáil*** a shuiteáil agus a oibriú chun scaipeadh ábhair aitheanta nó nua mí-úsáide gnéasaí leanaí, nó sirtheoireacht ar leanaí a bhrath, de réir mar is infheidhme, trí úsáid a bhaint as na táscairí comhfhreagracha arna soláthar ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 46.

Or. en

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) beidh siad i gcomhréir leis an úrscothacht ***sa tionscal*** agus is lú cunóraí iad ó thaobh an tionchair ar chearta úsáideoirí ar shaol príobháideach agus saol teaghlaigh, lena n-áirítear rúndacht cumarsáide, agus ar chosaint sonraí pearsanta;	(c) beidh siad i gcomhréir leis an úrscothacht agus is lú cunóraí iad ó thaobh an tionchair ar chearta úsáideoirí ar shaol príobháideach agus saol teaghlaigh, lena n-áirítear rúndacht cumarsáide, agus ar chosaint sonraí pearsanta;

Or. en

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) ní féidir criptiú ó cheann go ceann a lagú.

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an tÚdarás Comhordúcháin a chur ar an eolas, 1 mhí amháin ar a laghad roimh an dáta tosaithe a shonraítear san ordú braite, maidir le cur chun feidhme na mbeart beartaithe a leagtar amach sa phlean cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7(3);	***scriosta***

Or. en

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) príobháideachas trí dhearadh agus mar réamhshocrú a áirithiú agus, i gcás inarb infheidhme, gan cur isteach ar shláine an chriptithe.

Or. en

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 7 go 10, agus aird iomchuí á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus ar na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.	Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin agus le Lárionad an Aontais agus i ndiaidh comhairliúchán poiblí a stiúradh ***agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí***, treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 7 go 10, agus aird iomchuí á tabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha agus ar na bealaí ina gcuirtear ar fáil agus ina n-úsáidtear na seirbhísí a chumhdaítear leis na forálacha sin.

Or. en

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina gcuireann an soláthraí tuairisc isteach de bhun mhír 1, cuirfidh sé an t-úsáideoir lena mbaineann, ar an eolas***, ag soláthar*** faisnéise ***maidir le príomhábhair na tuairisce, faoin mbealach inar éirigh an soláthraí feasach faoin mí-úsáid ghnéasach leanaí fhéideartha lena mbaineann, faoin mbeart leantach a thugtar don tuairisc a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil don soláthraí agus faoi fhéidearthachtaí sásaimh an úsáideora, lena n-áirítear maidir leis an gceart chun gearáin a chur faoi bhráid an Údaráis Chomhordúcháin i gcomhréir le***	I gcás ina gcuireann an soláthraí tuairisc isteach de bhun mhír 1, cuirfidh sé an t-úsáideoir lena mbaineann, ar an eolas ***gan moill mhíchuí, tar éis do Europol nó d'údarás náisiúnta forfheidhmithe dlí Ballstáit a fuair an tuairisc de bhun Airteagal 48 a dhearbhú nach gcuirfeadh an*** fhaisnéis ***do na húsáideoirí isteach ar ghníomhaíochtaí maidir le cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh***.

hAirteagal 34.

Or. en

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh an soláthraí an t-úsáideoir lena mbaineann ar an eolas gan moill mhíchuí, i ndiaidh dó teachtaireacht a fháil ó Lárionad an Aontais ina gcuirtear in iúl go measann sé an tuairisc a bheith go soiléir gan bhunús dá dtagraítear in Airteagal 48(2), nó i ndiaidh dhul in éag na tréimhse ama 3 mhí ó dháta na tuarascála gan teachtaireacht a fháil ó Lárionad an Aontais a chuireann in iúl nach soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 48(6), pointe (a), cé acu a tharlaíonn ar dtús.	***scriosta***

Or. en

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás laistigh den tréimhse ama 3 mhí dá dtagraítear sa dara fomhír go bhfaigheann an soláthraí an teachtaireacht sin ó Lárionad an Aontais ina gcuirtear in iúl nach gcuirfear an fhaisnéis ar fáil, cuirfidh sé an t-úsáideoir lena mbaineann ar an eolas, gan moill mhíchuí, i ndiaidh dhul in éag na tréimhse ama a leagtar amach sa teachtaireacht sin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, aoisoiriúnach agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú, lena gcuirtear ar chumas d'úsáideoirí a chur in iúl don soláthraí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha ar an tseirbhís.	3. Déanfaidh an soláthraí sásra inrochtana, oiriúnach d'aois agus soláimhsithe a bhunú agus a oibriú lena gceadófar d'úsáideoirí mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a d'fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl don soláthraí ***nó fógra a thabhairt ina leith*** don soláthraí, ***lena n-áirítear uirlisí féintuairiscithe***. ***Leis na sásraí sin, beifear in ann tuairisciú anaithnid a dhéanamh atá ar fáil cheana féin trí bhealaí tuairiscithe anaithnide mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/1937.***

Or. en

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) gach sonra ábhair***, lena n-áirítear íomhánna, físeáin agus téacs***;	(c) gach sonra ábhair;

Or. en

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ***faisnéis a bhaineann leis an suíomh geografach*** a bhaineann leis an mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne fhéideartha, ***amhail seoladh an Phrótacail Idirlín***;	(f) ***meiteashonraí*** a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a d'fhéadfadh a bheith ann;

Or. en

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh orduithe baint anuas á díriú ar sholáthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise atá ag gníomhú mar fhaighteoir na seirbhíse i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065. Mar eisceacht, i gcás ina ndéantar ábhar a stóráil nó a phróiseáil mar chuid de bhonneagar arna sholáthar ag soláthraí seirbhíse ábhartha de chuid na sochaí faisnéise, féadfar an t-ordú baint anuas a dhíriú go díreach air sna cásanna seo a leanas:* ***–(a) ní féidir faighteoir na seirbhíse a shainaithint in ainneoin iarrachtaí réasúnacha a bheith déanta ag an Údarás Comhordaithe; nó ***–(b) dá dtabharfaí aghaidh ar fhaighteoir na seirbhíse, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'imscrúdú atá ar siúl faoi láthair.***

Or. en

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Forghníomhóidh an soláthraí an t-ordú baint anuas a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis an t-ordú braite sin a fháil.	2. Forghníomhóidh an soláthraí an t-ordú baint anuas a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis an t-ordú braite sin a fháil***, mura léirítear tréimhse níos giorra san ordú baint anuas***.

Or. en

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***aimsitheoir*** aonfhoirmeach acmhainne beacht agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise lena bhféadfar an t-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a shainaithint;	(e) ***Aithintheoir*** aonfhoirmeach acmhainne beacht agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise lena bhféadfar an t-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a shainaithint;

Or. en

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Nuair a éireoidh an t-ordú baint anuas críochnaitheach, ***tarchuirfidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú baint anuas, gan moill mhíchuí, cóip de sin chuig*** Údarás Comhordúcháin na bunaíochta. ***Tarchuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta ansin,***	Nuair a éireoidh an t-ordú braite críochnaitheach, cuirfidh an t-údarás breithiúnach inniúil nó an t-údarás riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú braite, gan moill mhíchuí, an tÚdarás Comhordúcháin ***ar an eolas faoi sin***. Cuirfidh Údarás Comhordúcháin na bunaíochta, gan moill mhíchuí, ***an***

gan moill mhíchuí, cóip de sin chuig gach Údarás Comhordúcháin eile tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).	***Lárionad AE agus gach Údarás Comhordúcháin eile ar an eolas*** tríd an gcóras atá bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

Or. en

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh sé de chumhacht ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit sin ordú blocála a eisiúint lena gceanglófar ar sholáthraí seirbhísí rochtana idirlín faoi dhlínse an Bhallstáit sin bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí a chosc rochtain a fháil ar ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl le ***gach aimsitheoir*** aonfhoirmeach acmhainne ar an liosta ***aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne a áirítear sa bhunachar táscairí, i gcomhréir le hAirteagal 44(2), pointe (b) agus arna soláthar ag Lárionad an Aontais.	1. Beidh sé de chumhacht ag Údarás Comhordúcháin na bunaíochta iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit sin ordú blocála a eisiúint lena gceanglófar ar sholáthraí seirbhísí rochtana idirlín faoi dhlínse an Bhallstáit sin bearta réasúnta a dhéanamh chun úsáideoirí a chosc rochtain a fháil ar ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl le ***haon Aitheanthóirí*** aonfhoirmeach acmhainne ar an liosta ***Aitheantóirí*** aonfhoirmeacha acmhainne a áirítear sa bhunachar táscairí, i gcomhréir le hAirteagal 44(2), pointe (b) agus arna soláthar ag Lárionad an Aontais.

Or. en

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) a fhíorú, maidir le gach ***aimsitheoir*** aonfhoirmeach acmhainne nó sampla ionadaíoch díobh ar an liosta dá dtagraítear i mír 1, go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 36(1), pointe (b), lena n-áirítear	(a) a fhíorú, maidir le gach ***Aitheantóir*** aonfhoirmeach acmhainne nó sampla ionadaíoch díobh ar an liosta dá dtagraítear i mír 1, go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 36(1), pointe (b), lena n-áirítear

trí sheiceálacha a dhéanamh chun a fhíorú i gcomhar le Lárionad an Aontais go bhfuil an liosta iomlán, cruinn agus cothrom le dáta;	trí sheiceálacha a dhéanamh chun a fhíorú i gcomhar le Lárionad an Aontais go bhfuil an liosta iomlán, cruinn agus cothrom le dáta;

Or. en

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a cheangal ar an soláthraí an fhaisnéis is gá a chur isteach, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin sin, go háirithe maidir le rochtain a fháil nó iarracht chun rochtain a fháil ag úsáideoirí ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl leis na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne, maidir le beartas an tsoláthraí aghaidh a thabhairt ar riosca scaipthe an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí agus maidir le hacmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí agus maidir lena mhéid;	(b) a cheangal ar an soláthraí an fhaisnéis is gá a chur isteach, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás Comhordúcháin sin, go háirithe maidir le rochtain a fháil nó iarracht chun rochtain a fháil ag úsáideoirí ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl leis an ***Aithantóir*** Aonfhoirmeach Acmhainne, maidir le beartas an tsoláthraí aghaidh a thabhairt ar riosca scaipthe an ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí agus maidir le hacmhainneachtaí airgeadais agus teicneolaíochta an tsoláthraí agus maidir lena mhéid;

Or. en

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) a iarraidh ar Lárionad an Aontais an fhaisnéis is gá a sholáthar, go háirithe mínithe agus dearbhuithe maidir le cruinneas na ***n-aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chur in iúl, maidir le cainníocht agus cineál an ábhair sin agus	(c) a iarraidh ar Lárionad an Aontais an fhaisnéis is gá a sholáthar, go háirithe mínithe agus dearbhuithe maidir le cruinneas an ***Aitheantóra*** Aonfhoirmeacha Acmhainne chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chur in iúl, maidir le cainníocht agus cineál an ábhair sin agus maidir le

maidir le fíorúcháin ag Lárionad an Aontais agus leis na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 36(2) agus Airteagal 46(7), faoi seach;	fíorúcháin ag Lárionad an Aontais agus leis na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 36(2) agus Airteagal 46(7), faoi seach;

Or. en

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tá fianaise ann gur úsáideadh an tseirbhís le linn na 12 mhí dhéag seo caite, a mhéid atá suntasach, chun rochtain a fháil nó chun iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl leis na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne;	(a) tá fianaise ann gur úsáideadh an tseirbhís le linn na 12 mhí dhéag seo caite, a mhéid atá suntasach, chun rochtain a fháil nó chun iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chuirtear in iúl leis na ***hAitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne;

Or. en

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cuirtear in iúl leis na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne, ar bhealach atá iontaofa a dhóthain, gurb ann d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí;	(c) cuirtear in iúl leis na ***hAitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne, ar bhealach atá iontaofa a dhóthain, gurb ann d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí;

Or. en

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an tagairt don liosta ***aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne, arna sholáthar ag Lárionad an Aontais, agus na coimircí dá bhforáiltear, lena n-áirítear na teorainneacha agus na coimircí a shonraítear de bhun Airteagal 16(5) agus, i gcás inarb infheidhme, na ceanglais tuairiscithe a shocraítear de bhun Airteagal 18(6);	(a) an tagairt don liosta ***Aitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne, arna sholáthar ag Lárionad an Aontais, agus na coimircí dá bhforáiltear, lena n-áirítear na teorainneacha agus na coimircí a shonraítear de bhun Airteagal 16(5) agus, i gcás inarb infheidhme, na ceanglais tuairiscithe a shocraítear de bhun Airteagal 18(6);

Or. en

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín a bhfuil ordú blocála faighte acu, agus na húsáideoirí a sholáthair nó ar cuireadh cosc orthu rochtain a fháil ar mhír ábhair sonrach a chuirtear in iúl leis na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne i bhforghníomhú na n-orduithe sin, beidh sé de cheart acu sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart chun agóid a dhéanamh ar an ordú blocála os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú blocála.	1. Soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín a bhfuil ordú blocála faighte acu, agus na húsáideoirí a sholáthair nó ar cuireadh cosc orthu rochtain a fháil ar mhír ábhair sonrach a chuirtear in iúl leis na ***hAitheantoirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne i bhforghníomhú na n-orduithe sin, beidh sé de cheart acu sásamh éifeachtach a fháil. Áireofar leis an gceart sin an ceart chun agóid a dhéanamh ar an ordú blocála os comhair chúirteanna Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin neamhspleách a d'eisigh an t-ordú blocála.

Or. en

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina gcuireann soláthraí cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar ***aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne de bhun ordú blocála a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 17, déanfaidh sé bearta réasúnta chun na húsáideoirí a chur ar an eolas faoin méid a leanas:	4. I gcás ina gcuireann soláthraí cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar ***Aitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne de bhun ordú blocála a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 17, déanfaidh sé bearta réasúnta chun na húsáideoirí a chur ar an eolas faoin méid a leanas:

Or. en

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh an soláthraí agus na húsáideoirí dá dtagraítear i mír 1 i dteideal iarraidh ar an Údarás Comhordúcháin a d'iarr an t-ordú blocála a eisiúint measúnú a dhéanamh ar cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar ítim ábhair sonrach a chuirtear in iúl le ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne de bhun an ordaithe blocála. Beidh an soláthraí i dteideal freisin modhnú nó cúlghairm an ordaithe blocála a iarraidh, i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis mar gheall ar athruithe substaintiúla ar na forais chun orduithe blocála a eisiúint a tharla tar éis a n-eisiúna, go háirithe athruithe substaintiúla lena gcuirtear cosc ar an soláthraí bearta réasúnta is gá a dhéanamh chun an t-ordú blocála a fhorghníomhú,	Beidh an soláthraí agus na húsáideoirí dá dtagraítear i mír 1 i dteideal iarraidh ar an Údarás Comhordúcháin a d'iarr an t-ordú blocála a eisiúint measúnú a dhéanamh ar cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear cosc ar úsáideoirí rochtain a fháil ar ítim ábhair sonrach a chuirtear in iúl le ***hAitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne de bhun an ordaithe blocála. Beidh an soláthraí i dteideal freisin modhnú nó cúlghairm an ordaithe blocála a iarraidh, i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis mar gheall ar athruithe substaintiúla ar na forais chun orduithe blocála a eisiúint a tharla tar éis a n-eisiúna, go háirithe athruithe substaintiúla lena gcuirtear cosc ar an soláthraí bearta réasúnta is gá a dhéanamh chun an t-ordú blocála a fhorghníomhú,

Or. en

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18a
	Orduithe díliostála
	1. Ba cheart an chumhacht a bheith ag na hÚdaráis Chomhordúcháin ordú díliostála a eisiúint chuig soláthraí inneall cuardaigh ar líne nó aon chórais intleachta saorga eile atá faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh iad chun bearta réasúnacha a dhéanamh chun acmhainn nó acmhainní ar leith a léiríonn míreanna sonracha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí aitheanta a dhíliostú.
	2. Sula n-eiseoidh sé ordú faoi mhír 1, cuirfidh an tÚdarás Comhordaithe bunaíochta in iúl don soláthraí go bhfuil sé ar intinn aige na príomhghnéithe d'ábhar an ordaithe díliostála a shonrú agus na cúiseanna le hacmhainn nó acmhainní ar leith a dhíliostú. Tabharfaidh sé an deis don soláthraí trácht a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú ag an Údarás sin.
	3. Eiseoidh Údarás Comhordaithe na bunaíochta ordú díliostála, i gcás ina measfaidh sé gur gá díliostú chun cosc a chur le scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí ar úsáideoirí san Aontas, ag féachaint don ghá atá ann cearta na n-íospartach a chosaint agus don soláthraí beartas a bheith ann agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann leis an scaipeadh sin.
	Or. en

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 18b
	Rialacha breise maidir le horduithe díliostála
	1. Eiseoidh an tÚdarás Comhordaithe orduithe díliostála dá dtagraítear in Airteagal 18ú ag úsáid an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn X. Beidh na nithe a leanas san áireamh in orduithe díliostála:
	(a) ainm an tsoláthraí agus, i gcás inarb infheidhme, ainm a ionadaí dhlíthiúil;
	(b) i gcás inarb eol sin, an tseirbhís shonrach ar ina leith a eisíodh an t-ordú díliostála;
	(c) na mionsonraí go léir is gá chun an acmhainn nó na hacmhainní a ndéantar difear dóibh a shainaithint i gceart;
	(d) dáta tosaigh an díliostála;
	(e) ráiteas atá mionsonraithe go leor ar na cúiseanna ina mínítear an t-ordú díliostála;
	(f) tagairt don Rialachán sin mar bhunús dlí leis an díliostáil;
	(g) dáta, stampa ama agus ríomhshíniú ón Údarás Comhordúcháin a bhfuil an t-ordú baint díliostála á eisiúint aige;
	(h) faisnéis shothuigthe faoin sásamh atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis faoi shásamh do chúirt agus faoi na tréimhsí ama is infheidhme maidir leis an sásamh sin.
	2. An t-Údarás Comhordúcháin neamhspleách a eisíonn an t-ordú diliostála, déanfaidh sé an t-ordú sin a dhíriú ar phríomhbhunaíocht an tsoláthraí nó, i gcás inarb infheidhme, chuig a ionadaí dlíthiúil a ainmníodh i gcomhréir le hAirteagal 24.

3. Tarchuirfidh an t-Údarás Comhordúcháin an t-ordú dilíostála chuig pointe teagmhála an tsoláthraí dá dtagraítear in Airteagal 23(1), chuig Údarás Comhordúcháin na bunaíochta agus chuig Lárionad an Aontais, trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2).

4. Dréachtóidh an tÚdarás Comhordaithe an t-ordú díliostála sna teangacha a dhearbhaigh an soláthraí de bhun Airteagal 23(3).

5. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú díliostála a fhorghníomhú toisc go bhfuil earráidí soiléire ann nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann lena fhorghníomhú, iarrfaidh an soláthraí, gan moill mhíchuí, an soiléiriú is gá ón Údarás Comhordúcháin a eisíonn an t-ordú, agus an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn X á úsáid.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinní X a leasú i gcás inar gá chun feabhas a chur ar na teimpléid i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta ábhartha nó na taithí praiticiúla atá bainte amach.

Or. en

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhliteanas maidir le cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí toisc go ndéanann siad, de mheon macánta, na gníomhaíochtaí is gá chun ceanglais an Rialacháin sin a chomhlíonadh, agus ar an gcúis sin amháin, go háirithe	Ní bheidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhliteanas maidir le cionta mí-úsáide gnéasaí leanaí toisc go ndéanann siad, de mheon macánta, na gníomhaíochtaí is gá chun ceanglais an Rialacháin sin a chomhlíonadh, agus ar an gcúis sin amháin, go háirithe

gníomhaíochtaí atá dírithe ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a shainaithint, a bhaint, rochtain uirthi a dhíchumasú, a bhlocáil nó a thuairisciú i gcomhréir leis na ceanglais sin.	gníomhaíochtaí atá dírithe ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a shainaithint, a bhaint, rochtain uirthi a dhíchumasú, a bhlocáil***, a dhíliostú ó thorthaí cuardaigh,*** nó a thuairisciú i gcomhréir leis na ceanglais sin.

Or. en

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sé de cheart ag daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas faisnéis a fháil, arna hiarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát a bhfuil cónaí orthu, maidir le haon ásc ina dtuairiscítear scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas an fhaisnéis sin a iarraidh agus a fháil ar bhealach a bheidh inrochtana dóibh.	Beidh sé de cheart ag ***íospartaigh***, arna hiarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát a bhfuil cónaí orthu, maidir le haon ásc ina dtuairiscítear scaipeadh ábhair aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad do Lárionad an Aontais de bhun Airteagal 12. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas an fhaisnéis sin a iarraidh agus a fháil ar bhealach a bheidh inrochtana dóibh.

Or. en

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an iarraidh chuig Lárionad an Aontais trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2), agus cuirfidh sé na torthaí a gheofar ó Lárionad an Aontais in iúl don ***duine*** a dhéanann an iarraidh.	Tarchuirfidh an tÚdarás Comhordúcháin sin an iarraidh chuig Lárionad an Aontais trí mheán an chórais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 39(2), agus cuirfidh sé na torthaí a gheofar ó Lárionad an Aontais in iúl don ***íospartach*** a dhéanann an iarraidh.

Or. en

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí ***óstála*** cúnamh réasúnta, arna iarraidh sin, do dhaoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas a fhéachann le mír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint, nó a fhéachann le rochtain air sin a dhíchumasú ag an soláthraí.	1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí ***ábhartha na sochaí faisnéise*** cúnamh réasúnta, arna iarraidh sin, do dhaoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas a fhéachann le mír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint, nó a fhéachann le rochtain air sin a dhíchumasú ag an soláthraí.

Or. en

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sé de cheart ag daoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas tacaíocht a fháil ó Lárionad an Aontais, arna hiarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an duine, nuair a fhéachann siad le rochtain ar mhír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint nó a dhíchumasú ag soláthraí ***seirbhísí óstála***. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas aon fhaisnéis a iarradh agus a fháil i ndáil leis an tacaíocht sin ar bhealach a bheidh inrochtana dóibhsean.	***Chuige sin, beidh sé de cheart ag íospartaigh*** tacaíocht a fháil ó Lárionad an Aontais, arna hiarraidh sin dóibh, ón Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an duine, nuair a fhéachann siad le rochtain ar mhír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ina léirítear iad a bhaint nó a dhíchumasú ag soláthraí seirbhísí óstála. Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas aon fhaisnéis a iarradh agus a fháil i ndáil leis an tacaíocht sin ar bhealach a bheidh inrochtana dóibhsean.

Or. en

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tabharfar le fios sna hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 an mhír nó na míreanna ábhartha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí.	***scriosta***

Or. en

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní chaomhnóidh soláthraithe seirbhísí ***óstála*** agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta na sonraí ábhair agus sonraí eile arna bpróiseáil i ndáil leis na bearta a rinneadh chun an Rialachán sin a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta a gineadh tríd an bpróiseáil sin, ach amháin le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leanas, de réir mar is infheidhme:	Ní chaomhnóidh soláthraithe seirbhísí ***ábhartha na sochaí faisnéise*** agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta na sonraí ábhair agus sonraí eile arna bpróiseáil i ndáil leis na bearta a rinneadh chun an Rialachán sin a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta a gineadh tríd an bpróiseáil sin, ach amháin le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leanas, de réir mar is infheidhme:

Or. en

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunóidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe	1. Bunóidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise pointe

teagmhála aonair chun cumarsáid dhíreach a cheadú, trí mheán leictreonach, leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le húdaráis inniúla eile na mBallstát, leis an gCoimisiún agus Lárionad an Aontais, chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.	teagmhála aonair chun cumarsáid dhíreach a cheadú, trí mheán leictreonach, leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, le húdaráis inniúla eile na mBallstát, leis an gCoimisiún agus Lárionad an Aontais, chun an Rialachán sin a chur i bhfeidhm. ***Ceadóidh an pointe teagmhála aonair cumarsáid dhíreach le húsáideoirí na seirbhíse maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán sin.***

Or. en

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) go mbíonn siad saor ó aon tionchar seachtrach, bíodh sé ina thionchar díreach nó indíreach;	(c) go mbíonn siad saor ó aon tionchar seachtrach ***míchuí***, bíodh sé ina thionchar díreach nó indíreach;

Or. en

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an chumhacht maidir le cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar aon áitreabh a úsáideann na soláthraithe sin nó na daoine eile dá dtagraítear i bpointe (a) a úsáidtear chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm, nó a iarraidh ar údaráis phoiblí eile é sin a dhéanamh, d'fhonn cóipeanna d'fhaisnéis maidir le sárú amhrasta ar an Rialachán sin in aon fhoirm, gan beann ar an meán stórála, a imscrúdú, a urghabháil, a thógáil nó a fháil;	(b) an chumhacht ***a iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó ar údarás riaracháin neamhspleách eile de chuid an Bhallstáit sin*** cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, nó a iarraidh ar údarás breithiúnach neamhspleách ina mBallstát, cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar aon áitreabh a úsáideann na soláthraithe sin nó na daoine eile dá dtagraítear i bpointe (a) chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, lena ngnó, lena gceird nó lena ngairm, nó a

	iarraidh ar údaráis phoiblí eile déanamh amhlaidh, d'fhonn cóipeanna d'fhaisnéis a bhaineann le sárú amhrasta ar an Rialachán sin a scrúdú, a urghabháil, a ghlacadh nó a fháil i bhfoirm ar bith, beag beann ar an meán stórála;

Or. en

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh na Ballstáit cumhachtaí imscrúdaitheacha breise a dheonú do na hÚdaráis Chomhordúcháin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) an chumhacht fíneálacha a ghearradh***, nó iarraidh ar údarás breithiúnach ina mBallstát déanamh amhlaidh,*** i gcomhréir le hAirteagal 35 i gcás sáruithe ar an Rialachán sin, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh le haon cheann de na horduithe a eisítear de bhun Airteagal 27 agus phointe (b) den mhír sin;	(c) an chumhacht fíneálacha a ghearradh i gcomhréir le hAirteagal 35 i gcás sáruithe ar an Rialachán sin, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh le haon cheann de na horduithe a eisítear de bhun Airteagal 27 agus phointe (b) den mhír sin;

Or. en

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) an chumhacht íocaíocht phionósach thréimhsiúil a ghearradh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun a áirithiú go ndéantar sárú ar an Rialachán sin a fhoirceannadh i gcomhréir le hordú a eisítear de bhun phointe (b) den mhír sin ***nó i gcásanna ina mainnítear na horduithe a eisítear de bhun Airteagal 27 agus phointe (b) den mhír sin a chomhlíonadh***;	(d) an chumhacht íocaíocht phionósach thréimhsiúil a ghearradh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun a áirithiú go ndéantar sárú ar an Rialachán sin a fhoirceannadh i gcomhréir le hordú a eisítear de bhun phointe (b) den mhír sin;

Or. en

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an chumhacht chun bearta eatramhacha a dhéanamh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach a sheachaint.	(e) an chumhacht chun bearta eatramhacha ***iomchuí, réasúnacha agus comhréireacha*** a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach a sheachaint.

Or. en

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh na Ballstáit cumhachtaí breise forfheidhmiúcháin do na hÚdaráis Chomhordúcháin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cumhachtaí breise forfheidhmiúcháin	***Bearta*** breise forfheidhmiúcháin

Or. en

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí a chur i gcrích,*** beidh ***na cumhachtaí forfheidhmithe a leanas ag na hÚdaráis Chomhordúcháin dá dtagraítear i mír 2***, maidir le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh iad, ar choinníoll:	1. Beidh sé ***de chumhacht ag na hÚdaráis Chomhordúcháin bearta forfheidhmiúcháin breise a iarraidh,*** maidir le soláthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise faoi dhlínse an Bhallstáit a d'ainmnigh iad, ar choinníoll:

Or. en

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go bhfuil gach cumhacht eile de bhun Airteagail 27 agus 28 chun scor de shárú ar an Rialachán sin ídithe;	***scriosta***

Or. en

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh ***cumhachtaí breise forfheidhmiúcháin ag Údaráis Chomhordúcháin na bearta a leanas a dhéanamh***:	2. Beidh sé ***de chumhacht ag na hÚdaráis Chomhordúcháin na bearta forfheidhmiúcháin breise seo a leanas a iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit a d'ainmnigh é nó ar údarás riaracháin neamhspleách eile de chuid an Bhallstáit sin***:

Or. en

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 2 – pointe b – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil nó ar údarás riaracháin neamhspleách an Bhallstáit a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin chun*** srianadh sealadach a ordú ar rochtain úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú nó, ach amháin i gcás nach indéanta ar bhonn teicniúil é sin, ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí ar a dtarlaíonn an sárú, i gcás ina measann an tÚdarás Comhordúcháin:	(b) Srianadh sealadach a ordú ar rochtain úsáideoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú nó, ach amháin i gcás nach indéanta ar bhonn teicniúil é sin, ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí ar a dtarlaíonn an sárú, i gcás ina measann an tÚdarás Comhordúcháin:

Or. en

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Forálacha coiteanna maidir le ***cumhachtaí*** imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin	Forálacha coiteanna maidir le ***bearta*** imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin

Or. en

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás inar mhainnigh soláthraí ionadaí dlíthiúil a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 24, beidh dlínse ag gach Ballstát. I gcás ina gcinneann Ballstát dlínse faoin mír sin a fheidhmiú, cuirfidh sé gach Ballstát eile ar an eolas agus áiritheoidh sé go n-urramófar prionsabal ne bis in idem.	I gcás inar mhainnigh soláthraí ***nach bhfuil a phríomhbhunaíocht aige san Aontas*** ionadaí dlíthiúil a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 24, beidh dlínse ag gach Ballstát. I gcás ina gcinneann Ballstát dlínse faoin mír sin a fheidhmiú, cuirfidh sé gach Ballstát eile ar an eolas agus áiritheoidh sé go n-urramófar prionsabal ne bis in idem.

Or. en

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh sé de cheart ag úsáideoirí gearán a thaisceadh ina líomhnófar sárú ar an Rialachán lena ndéantar difear dóibh in aghaidh soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise leis an Údarás Comhordúcháin a d'ainmnigh an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an úsáideoir nó ina bhfuil sé bunaithe.	1. Beidh sé de cheart ag úsáideoirí ***agus ag aon chomhlacht, eagraíocht nó comhlachas atá sainordaithe chun na cearta a thugtar dóibh leis an Rialachán sin a fheidhmiú thar a gceann*** gearán a thaisceadh lena líomhnaítear sárú ar an Rialachán sin a dhéanann difear dóibh in aghaidh soláthraithe sheirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise leis an Údarás Comhordúcháin arna ainmniú ag an mBallstát ina bhfuil cónaí ar an úsáideoir

nó ina bhfuil sé bunaithe.

Or. en

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh uasmhéid íocaíochta pionóis tréimhsiúla thar 5 % de mheánláimhdeachas laethúil an tsoláthraí nó an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 27 sa bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh an lae, arna ríomh ón dáta a sonraíodh sa chinneadh lena mbaineann.	4. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh uasmhéid íocaíochta pionóis tréimhsiúla thar 5 % de mheánláimhdeachas laethúil an tsoláthraí nó an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 27 ***(1) (a)*** sa bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh an lae, arna ríomh ón dáta a sonraíodh sa chinneadh lena mbaineann.

Or. en

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Áiritheoidh na Ballstáit nach spreagfaidh pionóis arna bhforchur i leith sárú ar an Rialachán sin an iomarca tuairiscithe nó baint anuas ábhair nach ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí é.

Or. en

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne beachta lena gcuirtear in iúl míreanna sonracha ábhair arna sainaithint ag Údaráis Chomhordúcháin nó údaráis bhreithiúnacha inniúla nó údaráis riaracháin neamhspleácha eile Ballstáit, i ndiaidh measúnú dícheallach, de bheith ina n-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, arna n-óstáil ag soláthraithe seirbhísí óstála nach gcuireann seirbhísí ar fáil san Aontas, nach féidir a bhaint mar gheall ar dhiúltú na soláthraithe sin rochtain air sin a bhaint nó a dhíchumasú, agus mar gheall ar an easpa comhair ó údaráis inniúla an tríú tír ag a bhfuil dlínse, chun go dtiomsóidh Lárionad an Aontais an liosta ***aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne i gcomhréir le hAirteagal 44(3).	(b) ***Aitheantoirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne beachta lena gcuirtear in iúl míreanna sonracha ábhair arna sainaithint ag Údaráis Chomhordúcháin nó údaráis bhreithiúnacha inniúla nó údaráis riaracháin neamhspleácha eile Ballstáit, i ndiaidh measúnú dícheallach, de bheith ina n-ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, arna n-óstáil ag soláthraithe seirbhísí óstála nach gcuireann seirbhísí ar fáil san Aontas, nach féidir a bhaint mar gheall ar dhiúltú na soláthraithe sin rochtain air sin a bhaint nó a dhíchumasú, agus mar gheall ar an easpa comhair ó údaráis inniúla an tríú tír ag a bhfuil dlínse, chun go dtiomsóidh Lárionad an Aontais an liosta ***Aitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne i gcomhréir le hAirteagal 44(3).

Or. en

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfaighidh na hÚdaráis Chomhordúcháin a d'ainmnigh siad, gan moill mhíchuí, an t-ábhar a shainaithnítear a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, tras-scríbhinní na gcomhráite a shainaithnítear mar shirtheoireacht leanaí, agus na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainní, arna sainaithint ag údarás breithiúnach inniúil nó údarás riaracháin neamhspleách eile seachas an tÚdarás Comhordúcháin, lena gcur faoi bhráid Lárionad an Aontais i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfaighidh na hÚdaráis Chomhordúcháin a d'ainmnigh siad, gan moill mhíchuí, an t-ábhar a shainaithnítear a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, tras-scríbhinní na gcomhráite a shainaithnítear mar shirtheoireacht leanaí, agus na ***hAitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainní, arna sainaithint ag údarás breithiúnach inniúil nó údarás riaracháin neamhspleách eile seachas an tÚdarás Comhordúcháin, lena gcur faoi bhráid Lárionad an Aontais i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

Or. en

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfaighidh a n-údaráis forfheidhmithe dlí tuairisc ar scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí nua nó ar shirtheoireacht ar leanaí a chuir Lárionad an Aontais ar aghaidh chucu i gcomhréir le hAirteagal 48(3), go ndéanfar measúnú dícheallach i gcomhréir le mír 1 ***agus, má shainaithnítear an t-ábhar nó an comhrá mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó mar shirtheoireacht ar leanaí, cuireann an tÚdarás Chomhordúcháin an t-ábhar faoi bhráid Lárionad an Aontais, i gcomhréir leis an mír sin, laistigh de 1 mhí amháin ón dáta a bhfaightear an tuairisc nó, i gcás ina bhfuil an measúnú an-chasta, 2 mhí ón dáta sin***.	3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfaighidh a n-údaráis forfheidhmithe dlí tuairisc ar scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí nua nó ar shirtheoireacht ar leanaí a chuir Lárionad an Aontais ar aghaidh chucu i gcomhréir le hAirteagal 48(3), go ndéanfar measúnú dícheallach i gcomhréir le mír 1.

Or. en

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh Údaráis Chomhordúcháin páirt a ghlacadh in imscrúduithe comhpháirteacha, ar féidir iad a chomhordú le tacaíocht ó Lárionad an Aontais, ar ábhair a chumhdaítear faoin Rialachán sin, a bhaineann le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a chuireann a seirbhísí ar fáil i roinnt Ballstát.	***Déanfaidh na hÚdaráis Chomhordúcháin caighdeáin dea-chleachtais agus treoir a chomhroinnt maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath agus*** a bhaint agus féadfaidh siad páirt a ghlacadh in imscrúduithe comhpháirteacha, a fhéadfar a chomhordú le tacaíocht ó Lárionad AE, ar ábhair a chumhdaítear leis an Rialachán sin, a bhaineann le soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise a thairgeann a gcuid seirbhísí i roinnt Ballstát.

Or. en

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Comhoibreoidh Údaráis Chomhordúcháin le chéile, le haon údarás inniúil eile den Bhallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin, leis an gCoimisiún, le Lárionad an Aontais agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas, lena n-áirítear ***Europol***, chun comhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoin Rialachán sin a éascú agus a áirithiú, agus a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a áirithiú.	1. Comhoibreoidh Údaráis Chomhordúcháin le chéile, le haon údarás inniúil eile den Bhallstát a d'ainmnigh an tÚdarás Comhordúcháin, leis an gCoimisiún, le Lárionad an Aontais, ***Europol*** agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas, lena n-áirítear ***Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)***, chun comhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoin Rialachán sin a éascú agus a áirithiú, agus a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach a áirithiú.

Or. en

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh Lárionad an Aontais ceann amháin nó níos mó de chórais comhroinnte faisnéise iontaofa a bhunú agus a choinneáil ar bun lena dtacófar le cumarsáid idir na hÚdaráis Chomhordúcháin, an Coimisiún, Lárionad an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas agus soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise.	2. Déanfaidh Lárionad an Aontais ceann amháin nó níos mó de chórais comhroinnte faisnéise iontaofa a bhunú agus a choinneáil ar bun lena dtacófar le cumarsáid idir na hÚdaráis Chomhordúcháin, an Coimisiún, Lárionad an Aontais, ***Europol, agus*** gníomhaireachtaí ábhartha eile***, lena n-áirítear ENISA*** agus soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise.

Or. en

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Úsáidfidh na hÚdaráis Chomhordúcháin, an Coimisiún, Lárionad an Aontais, gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas agus soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise na córais comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 2 chun gach cumarsáid ábhartha a dhéanamh de bhun an Rialacháin sin.	3. Úsáidfidh na hÚdaráis Chomhordúcháin, an Coimisiún, Lárionad an Aontais, ***Europol,*** gníomhaireachtaí ábhartha eile den Aontas***, lena n-áirítear ENISA,*** agus soláthraithe seirbhísí ábhartha na sochaí faisnéise na córais comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 2 chun gach cumarsáid ábhartha a dhéanamh de bhun an Rialacháin sin.

Or. en

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Rannchuideoidh Lárionad an Aontais le cuspóir an Rialacháin sin a bhaint amach trí thacú le cur chun feidhme a fhorálacha maidir le rochtain ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a dhíchumasú ***agus*** a bhlocáil ***agus*** tríd an gcur chun feidhme sin a éascú, agus trí fhaisnéis agus saineolas a bhailiú agus a roinnt agus comhar idir páirtithe poiblí agus príobháideacha ábhartha a éascú maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe ar líne.	2. Rannchuideoidh Lárionad AE le cuspóir an Rialacháin sin a bhaint amach trí thacú le cur chun feidhme a fhorálacha maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne ***a chosc,*** a bhrath, a thuairisciú, a bhaint nó a dhíchumasú ***nó trí acmhainn ar leith a dhíliostú lena léirítear míreanna sonracha d'ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí. Déanfaidh Lárionad AE*** faisnéis agus saineolas a bhailiú agus a chomhroinnt agus éascóidh sé comhar idir páirtithe ábhartha poiblí agus príobháideacha maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe ar líne. ***Déanfaidh sí an tacaíocht agus an cúnamh iomchuí d'íospartaigh a chur chun cinn agus a áirithiú.***

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 42 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh ceanncheathrú Lárionad an Aontais ***sa Háig, san Ísiltír***.	Beidh ceanncheathrú Lárionad an Aontais in **...** ***Roghnófar suíomh Lárionad AE i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bunaithe ar na critéir seo a leanas:*** ***(a) ní dhéanfaidh sé difear d'fhorghníomhú a chúraimí ag Lárionad AE ná d'eagrú a struchtúir rialachais;*** ***(b) áiritheoidh sé go mbeidh Lárionad AE in ann an fhoireann ardcháilithe speisialaithe atá ag teastáil uaidh a earcú chun na cúraimí a chuirtear ar fáil leis an Rialachán sin a chomhlíonadh;*** ***(c) áiritheoidh sé gur féidir é a chur ar bun ar an láthair ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin;*** ***(d) áiritheoidh sé inrochtaineacht iomchuí ar an suíomh, saoráidí leormhaithe oideachais a bheith ann do leanaí na mball foirne, rochtain iomchuí ar an margadh saothair, slándáil shóisialta agus cúram liachta do leanaí agus do chéilí araon.*** ***(e) áiritheoidh sé dáileadh geografach cothrom na n-institiúidí, na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí AE ar fud an Aontais;*** ***(f) cumasóidh sé dlúthchomhar le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE;*** ***(g) áiritheoidh sé inbhuanaitheacht agus slándáil dhigiteach agus nascacht maidir le bonneagar fisiciúil agus TF***

	agus dálaí oibre.

Or. en

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – pointe 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) faisnéis agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 21;	(d) faisnéis***, cúnamh*** agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 21;

Or. en

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) tacú le huirlisí oideachais iomchuí aoise a fhorbairt agus a scaipeadh chun litearthacht dhigiteach a fheabhsú agus chun feasacht a mhúscailt i measc úsáideoirí;

Or. en

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) táscairí chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a braitheadh agus a sainaithníodh roimhe seo mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i gcomhréir le	(a) táscairí chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a braitheadh agus a sainaithníodh roimhe seo mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i gcomhréir le

hAirteagal 36(1) a bhrath;	hAirteagal 36(1) ***a chosc agus*** a bhrath;

Or. en

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) táscairí chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí nár braitheadh agus nár sainaithníodh roimhe seo mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i gcomhréir le hAirteagal 36(1) a bhrath;	(b) táscairí chun scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí a braitheadh agus a sainaithníodh roimhe seo mar ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí i gcomhréir le hAirteagal 36(1) ***a chosc agus*** a bhrath;

Or. en

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) táscairí chun sirtheoireacht leanaí a bhrath.	(c) táscairí chun sirtheoireacht leanaí ***a chosc agus*** a bhrath.

Or. en

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a mhéid a bhaineann le mír 1, pointe (a), áireofar liosta ***aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainní sna táscairí ábhartha arna dtiomsú ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le mír 3;	(b) a mhéid a bhaineann le mír 1, pointe (a), áireofar liosta ***Aitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainní sna táscairí ábhartha arna dtiomsú ag Lárionad an Aontais i gcomhréir le mír 3;

Or. en

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tiomsóidh Lárionad an Aontais liosta de na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainní dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ar bhonn na ***n-aimsitheoirí*** acmhainne aonfhoirmeacha a cuireadh faoina bhráid de bhun Airteagal 36(1), pointe (b) agus ar an mbonn sin amháin.	Tiomsóidh Lárionad an Aontais liosta de na***hAitheantóirí*** aonfhoirmeacha acmhainní dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ar bhonn na ***n-Aitheantóirí*** acmhainne aonfhoirmeacha a cuireadh faoina bhráid de bhun Airteagal 36(1), pointe (b) agus ar an mbonn sin amháin.

Or. en

Leasú 200

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Coinneoidh Lárionad an Aontais taifid ar na haighneachtaí agus ar an bpróiseas a chuirtear i bhfeidhm chun na táscairí a ghiniúint agus tiomsóidh sé an liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír. Coinneoidh sé na taifid sin fad a choinneoidh sé na táscairí, lena n-áirítear na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainní, lena gcomhfhreagraíonn siad sna bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear i mír 1.	4. Coinneoidh Lárionad an Aontais taifid ar na haighneachtaí agus ar an bpróiseas a chuirtear i bhfeidhm chun na táscairí a ghiniúint agus tiomsóidh sé an liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír. Coinneoidh sé na taifid sin fad a choinneoidh sé na táscairí, lena n-áirítear na ***hAitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainní, lena gcomhfhreagraíonn siad sna bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear i mír 1.

Or. en

Leasú 201

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) táscairí ábhartha agus clibeanna coimhdeacha a bhaineann leis an ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí féideartha tuairiscithe.	(g) táscairí ábhartha***, meiteashonraí,*** agus clibeanna coimhdeacha a bhaineann leis an ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí féideartha tuairiscithe.

Or. en

Leasú 202

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do ***sholáthraithe seirbhísí óstála,*** d***o sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta agus do sholáthraithe seirbhísí rochtana idirlín*** ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44, nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin dóibh chun na horduithe braite ***nó*** blocála a fuair siad i gcomhréir le hAirteagail ***7 nó 16*** a chur i gcrích. Déanfaidh ***sé*** bearta chun a áirithiú go leanfaidh an rochtain sin de bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis ar feadh thréimhse feidhmithe na n-orduithe braite ***nó*** blocála lena mbaineann agus nach gcuirfidh an rochtain sin oibriú cuí na mbunachar sonraí sin agus cruinneas agus slándáil na sonraí atá iontu i mbaol ar aon bhealach.	2. Tabharfaidh Lárionad AE ***rochtain do sholáthraithe ábhartha*** sheirbhísí na sochaí faisnéise ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44, i gcás inar gá dóibh, agus a mhéid is gá dóibh, na ***horduithe*** braite ***saorálacha***, na horduithe braite, na horduithe blocála ***nó diliostála*** na horduithe a fuair siad i gcomhréir le hAirteagail ***5a, 7, 16 nó 18ú*** a fhorghníomhú. Déanfaidh ***Lárionad AE*** bearta chun a áirithiú go leanfaidh an rochtain sin de bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis ar feadh thréimhse feidhmithe na n-orduithe braite ***saorálacha***, orduithe ***braite,*** blocála ***nó díliostála*** lena mbaineann agus nach gcuirfidh an rochtain sin oibriú cuí na mbunachar sonraí sin agus cruinneas agus slándáil na sonraí atá iontu i mbaol ar aon bhealach.

Or. en

Leasú 203

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do Europol agus d'údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a gcúraimí a chomhlíonadh maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí ***amhrasta***.	4. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do Europol agus d'údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát ar na bunachair sonraí táscairí dá dtagraítear in Airteagal 44 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a gcúraimí a chomhlíonadh maidir le himscrúdú a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí.

Or. en

Leasú 204

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do Europol ar na bunachair sonraí tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a chúraimí a chomhlíonadh maidir le cúnamh a thabhairt i leith imscrúduithe a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí ***amhrasta***.	5. Tabharfaidh Lárionad an Aontais rochtain do Europol ar na bunachair sonraí tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 45 nuair is gá sin agus a mhéid is gá sin chun a chúraimí a chomhlíonadh maidir le cúnamh a thabhairt i leith imscrúduithe a dhéanamh ar chionta mí-úsáide gnéasaí leanaí.

Or. en

Leasú 205

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní sholáthróidh Lárionad an Aontais an rochtain dá dtagraítear i míreanna 2, 3, 4 agus 5 ach amháin tar éis iarraidh a fháil, lena sonrófar cuspóir na hiarrata, módúlachtaí na rochtana a iarrtar, agus méid na rochtana is gá chun an cuspóir sin	Ní sholáthróidh Lárionad an Aontais an rochtain dá dtagraítear i míreanna 2, 3, 4 agus 5 ach amháin tar éis iarraidh a fháil, lena sonrófar cuspóir na hiarrata, módúlachtaí na rochtana a iarrtar, agus méid na rochtana is gá chun an cuspóir sin

a bhaint amach. Áireofar tagairt don ***ordú braite nó don ordú*** blocála sna hiarrataí ar an rochtain dá dtagraítear i mír 2 freisin, de réir mar is infheidhme.	a bhaint amach. Áireofar freisin sna hiarrataí ar rochtain dá dtagraítear i mír 2 tagairt do na horduithe braite ***saorálacha***, na horduithe ***braite,*** blocála ***nó díliostála***, de réir mar is infheidhme.
	Or. en

Leasú 206

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh Lárionad an Aontais na hiarrataí sin a mheas go dícheallach agus ní dhéanfaidh sé rochtain a dheonú ach i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis an rochtain a iarrtar i leith an chuspóra shonraithe agus í a bheith comhréireach leis an gcuspóir sonraithe sin.	Déanfaidh Lárionad an Aontais na hiarrataí sin a mheas go dícheallach agus ní dhéanfaidh sé rochtain a dheonú ach i gcás ina measann sé go bhfuil gá leis an rochtain a iarrtar i leith an chuspóra shonraithe agus í a bheith comhréireach leis an gcuspóir sonraithe sin***, agus i gcomhréir le dlí an Aontais***.
	Or. en

Leasú 207

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Fíoróidh Lárionad an Aontais go tráthrialta go bhfuil na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45, iomlán, cruinn agus cothrom le dáta, ar gach bealach agus go bhfuil gá leo go fóill chun tuairisciú, brath agus blocáil a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán sin, agus teicneolaíochtaí agus próisis braite chruinne a éascú agus faireachán a dhéanamh orthu. Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis na ***haimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainní atá sa	7. Fíoróidh Lárionad an Aontais go tráthrialta go bhfuil na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45, iomlán, cruinn agus cothrom le dáta, ar gach bealach agus go bhfuil gá leo go fóill chun tuairisciú, brath agus blocáil a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán sin, agus teicneolaíochtaí agus próisis braite chruinne a éascú agus faireachán a dhéanamh orthu. Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis na ***hAitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainní atá sa

bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a), déanfaidh Lárionad an Aontais, i gcás inar gá i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, a fhíorú go tráthrialta go leanfar de choinníollacha Airteagal 36(1), pointe (b), a chomhlíonadh. Áireofar leis na fíorúchán sin iniúchtaí, i gcás inarb iomchuí. I gcás inar gá, i bhfianaise na bhfíorúchán sin, déanfaidh sé na sonraí a chomhlánú, a choigeartú nó a scriosadh láithreach.	bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a), déanfaidh Lárionad an Aontais, i gcás inar gá i gcomhar leis na hÚdaráis Chomhordúcháin, a fhíorú go tráthrialta go leanfar de choinníollacha Airteagal 36(1), pointe (b), a chomhlíonadh. Áireofar leis na fíorúchán sin iniúchtaí, i gcás inarb iomchuí. I gcás inar gá, i bhfianaise na bhfíorúchán sin, déanfaidh sé na sonraí a chomhlánú, a choigeartú nó a scriosadh láithreach.
	Or. en

Leasú 208

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Áiritheoidh Lárionad an Aontais go stóráiltear na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45 ar bhealach slán agus go bhfuil an stóráil faoi réir na gcoimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí. Áiritheofar leis na coimircí sin, go háirithe, nach bhféadfaidh ach daoine arna n-údarú go cuí na sonraí a rochtain ná a phróiseáil chun na críche lena n-údaraítear do duine sin agus go mbainfear ardleibhéal slándála amach. Déanfaidh Lárionad an Aontais athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus déanfaidh sé iad a choigeartú i gcás inar gá.	8. Áiritheoidh Lárionad an Aontais go stóráiltear na sonraí atá sna bunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagail 44 agus 45 ar bhealach slán agus go bhfuil an stóráil faoi réir na gcoimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí ***lena n-áiritheofar maoirseacht éifeachtach, go háirithe i gcórais próiseála uathoibrithe***. Áiritheofar leis na coimircí sin, go háirithe, nach bhféadfaidh ach daoine arna n-údarú go cuí na sonraí a rochtain ná a phróiseáil chun na críche lena n-údaraítear do duine sin agus go mbainfear ardleibhéal slándála amach. Déanfaidh Lárionad an Aontais athbhreithniú tráthrialta ar na coimircí sin agus déanfaidh sé iad a choigeartú i gcás inar gá. ***Coimeádfaidh sé taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála mar a bhunaítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/679 a chuirfear ar fáil, arna iarraidh sin, d'oifigeach cosanta sonraí Lárionad AE agus don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.***
	Or. en

Leasú 209

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) aighneachtaí na n-Údarás Comhordúcháin a phróiseáil, na táscairí a ghiniúint, liosta na ***n-aimsitheoirí*** aonfhoirmeacha acmhainne a thiomsú agus taifead a choinneáil, dá dtagraítear in Airteagal 44(3);	(b) aighneachtaí na n-Údarás Comhordúcháin a phróiseáil, na táscairí a ghiniúint, liosta na ***n-Aitheantóirí*** Aonfhoirmeacha Acmhainne a thiomsú agus taifead a choinneáil, dá dtagraítear in Airteagal 44(3);

Or. en

Leasú 210

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 48 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh Lárionad an Aontais measúnú agus próiseáil go dlúsúil ar thuarascálacha arna gcur isteach ag soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta i gcomhréir le hAirteagal 12 chun a chinneadh cé acu atá na tuarascálacha go follasach gan bhunús nó ***atá siad le cur ar aghaidh***.	1. Déanfaidh Lárionad an Aontais measúnú agus próiseáil go dlúsúil ***agus go cruinn*** ar thuarascálacha arna gcur isteach ag soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta i gcomhréir le hAirteagal 12 chun a chinneadh cé acu atá na tuarascálacha go follasach gan bhunús nó ***nach bhfuil. Chuige sin, déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta gach iarracht réasúnta cáilíocht na faisnéise arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 13 a áirithiú, chun measúnú agus próiseas tapa agus cruinn a éascú.***

Or. en

Leasú 211

